



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

## RÉAMHRÁ



Is Cathair agus Contae é Port Láirge a bhfuil infheistíocht mhór agus athrú suntasach á dhéanamh air, agus é faoi rath ar go leor bealaí. In 2017, rinneadh Rian Glas na nDéise a oscailt go hoifigiúil, lá thar a bheith bródúil do mhuintir Phort Láirge go léir. Tá tionchar eacnamúil Riain Glas na nDéise le brath cheana féin agus tháinig 247,000 cuairteoir nua chuig Port Láirge in 2017 mar thoradh díreach ar an áis iontach seo inár measc. Rinneadh infheistíocht ollmhór sa bhonneagar bóithre ar fud an Chontae i mbliana, chomh maith le hInfheistíocht um Athbheochan Uirbeach sna príomhbhailte agus sa Chathair. Tá sé beartaithe leanúint leis an infheistíocht sin le hathghiniúint ar na Céanna ó Thuaidh mar Cheantar Forbartha Straitéisí.

I mo cháil mar Mhéara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, is díol spéise dom ár gcumas na spriocanna a léirítear sa ráiteas misin a bhaint amach, eadhon an áit is fearr is féidir leis a bheith a dhéanamh de Phort Láirge, don phobal go léir agus do na daoine a thugann cuairt orainn, a oibríonn anseo nó a dhéanann infheistiú anseo. Is cúis áthais dom a fheiceáil gur mhéadaíomar ár stoc tithíochta in 2017, go ndearnamar caidreamh lenár nEagraíochtaí Pobail, agus gur chinntíomar go bhfuil na daoine óga rannpháirteach sna struchtúir dhaonlathacha. D'oibríomar leis an earnáil Chultúir chun an bonneagar agus an tairiscint ealaíonta a threisiú.

Is mian liom buíochas a ghabháil le muintir Phort Láirge as oibriú le hOifig an Mhéara, leis na hionadaithe tofa, leis an bPríomhfheidhmeannach Michael Walsh, leis an bhFoireann Bainistíochta agus le foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Is áit níos láidre é Port Láirge a bhuíochas don tacaíocht agus don chomhoibriú sin.


**An Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin**
**Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge**



Is mian liom an deis seo a thapú an Tuarascáil Bhliantúil 2017 do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a chur i láthair. Bhain an obair, den chuid is mó, lenár gcuid seirbhísí a chomhdhlúthú mar údarás cónasctha agus le leas a bhaint as na deiseanna agus na forbairtí atá ar bun. Bhain an obair a rinneadh le raon leathan seirbhísí a bhfuil tionchar acu ar shaol laethúil gach duine a chónaíonn, a oibríonn, a dhéanann infheistiú anseo nó a thugann cuairt orainn agus tá sé ríthábhachtach go soláthraímid na seirbhísí sin ar bhealach éifeachtúil, comhordaithe agus nua-aimseartha. Mar Údarás Áitiúil atá nua-aimseartha agus fadbhreathnaitheach, tá spéis againn freisin bheith inár gcumasóirí agus inár n-éascaitheoirí don dul chun cinn agus don fhorbairt agus dá réir sin, táimid ag obair chun an áit is fearr is féidir do chách a dhéanamh de Phort Láirge.

Bhí roinnt buaicphointí suntasacha ann domsa mar Phríomhfheidhmeannach in 2017, ach is dócha gurbh iad na cinn is fearr na cinn nach raibh chomh suntasach sin; an bealach a d'oibríomar chun Port Láirge a chur faoi théarnamh arís tar éis Stoirm Ophelia; an comóradh lán dínite ar chothrom 100 bliain ó d'imigh SS Coningbeg agus SS Formby go tóin poill agus ócáidí eile i rith na bliana. Is féidir le Port Láirge féachaint siar ar 2017 le teann muintearais agus féachaint chun tosaigh chuig 2018 agus fios againn go bhfuil todhchaí breá amach roimh Phort Láirge.

**Michael Walsh**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge**



**“Ár misean ná an áit is fearr is féidir a dhéanamh de Phort Láirge dá mhuintir ar fad agus do na daoine ar mian leo cónaí, oibriú nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt orainn.”**

# CLÁR ÁBHAR

**DO CHOMHAIRLE** 4
- Méaraí agus Cathaoirligh 6
- An Chomhairle Iomlánach 7
- Príomhoifigigh 8
- Daoine ar Scor 9
- Daoine a d'Fhág / a Choinnigh Poist 10
- Coistí um Polasaí Straitéiseach 11

**DAOINE AGUS POBAIL** 16
- Cumarsáid le Custaiméirí 17
- Saoráil Faisnéise 18
- Oifig na Gaeilge 19
- Bainistiú Cartlann agus Taifead 21
- Éachtaí na nÓg 22
- Seirbhísí Pobail agus Spóirt 23
- Tithíocht 27

**CULTÚR FÁIS A CHRUTHÚ** 31
- Forbairt Eacnamúil 32
- Bainistiú Lár na Cathrach agus na mBailte 33
- Turasóireacht 36
- Seirbhísí Cultúir 37
- Seirbhísí Leabharlainne 38
- Pleanáil 41

**BUNSRAITH LÁIDIR** 44
- Bainistiú Maoin Sealbhais 45
- Seirbhísí Éigeandála 46
- Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht 48
- Teagmhais Dian-aimsire 50
- An Comhshaol 52
- Seirbhísí TF 54

**CÚRSAÍ AIRGEADAIS** 56
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 57
- Caiteachas Comhairleoirí 58
- Tinreamh Comhairleoirí 59

Designed at www.redheavendesign.com

Íomhá ar an gclúdach le caoinchead Sean Giles



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

# DO CHOMHAIRLE

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta feabhas a chur ar leas Phort Láirge. Feidhmíonn an eagraíocht le luachanna an daonlathais, an chuimsithe, an ionracais, na cáilíochta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Tugaimid tús áite do na daoine agus táimid tiomanta raon leathan seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil agus go héifeachtach. Feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi chreat raon leathan reachtaíochta agus rialachán lena rialaítear an tslí a ndéanamid gnó.

# MÉARAÍ AGUS CATHAOIRLIGH



**An Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin**

Méara Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge



**An Comhairleoir John Cummins**

Leas-Mhéara Chomhairle Cathrach & Contae Phort



**An Comhairleoir Seán Reinhardt**

Méara Dhúiche Chathrach Phort Láirge



**An Comhairleoir Joe Conway**

Leas-Mhéara Dhúiche Chathrach Phort Láirge



**An Comhairleoir Tom Cronin**

Cathaoirleach Thoghcheantar Dhún Garbhán agus an Leasa Mhóir



**An Comhairleoir James Tobin**

Leas-Chathaoirleach Thoghcheantar Dhún Garbhán agus an Leasa Mhóir



**An Comhairleoir Seanie Power**

Cathaoirleach Thoghcheantar an Chomaraigh



**An Comhairleoir Liam Brazil**

Leas-Cathaoirleach Thoghcheantar an Chomaraigh

# AN CHOMHAIRLE IOMLÁNACH



| Comhairleoir | Toghcheantar | Comhairleoir | Toghcheantar |
|---|---|---|---|
| An Comhairleoir Liam Ó Breasail (FG) | An Comarach | An Comhairleoir Jason Murphy (FF) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir Breda Brennan (SF) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir Ray Murphy (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir John Carey (FG) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin (FG) | Dún Garbhán agus An Lios Mór |
| An Comhairleoir Declan Clune (SF) | An Comarach | An Comhairleoir Séamus Ó Domhnaill (Neamhspleách) | Dún Garbhán & An Lios Mór |
| An Comhairleoir Joe Conway (Neamhspleách) | Trá Mhór agus Cathair Phort Láirge Thiar | An Comhairleoir John O'Leary (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir Tom Cronin (FF) | Dún Garbhán agus An Lios Mór | An Comhairleoir Cha O'Neill (Neamhspleách) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir John Cummins (FG) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir Michael J O'Ryan (FF) | An Comarach |
| An Comhairleoir Davy Daniels (Neamhspleách) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Lola O'Sullivan (FG) | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| An Comhairleoir Declan Doocey (FG) | An Comarach | An Comhairleoir Seánie Power (FG) | An Comarach |
| An Comhairleoir Pat Fitzgerald (SF) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir John Pratt (Lucht Oibre) | Dún Garbhán & An Lios Mór |
| An Comhairleoir Damien Geoghegan (FG) | Dún Garbhán agus An Lios Mór | An Comhairleoir Eamon Quinlan (FF) | Trá Mhór agus Cathair Phort Láirge Thiar |
| An Comhairleoir Jim Griffin (SF) | Trá Mhór agus Cathair Phort Láirge Thiar | An Comhairleoir Seán Reinhardt (Neamhspleách) | Cathair Phort Láirge Theas |
| An Comhairleoir Blaise Hannigan (Neamhspleách) | Trá Mhór agus Cathair Phort Láirge Thiar | An Comhairleoir Mary Roche (Neamhspleách) | Cathair Phort Láirge Thoir |
| An Comhairleoir John Hearne (SF) | Cathair Phort Láirge Theas | An Comhairleoir James Tobin (FF) | Dún Garbhán & An Lios Mór |
| An Comhairleoir Joe Kelly (Neamhspleách) | Trá Mhór agus Cathair Phort Láirge Thiar | An Comhairleoir Siobhan Whelan (SF) | Dún Garbhán & An Lios Mór |
| An Comhairleoir Eddie Mulligan (FF) | Cathair Phort Láirge Thoir | An Comhairleoir Adam Gary Wyse (FF) | Cathair Phort Láirge Thoir |

## Brústocaireacht a Rialáil

Ar thosach feidhme an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015, an 1 Meán Fómhair 2015, tá dualgas ar gach comhlacht poiblí a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe aige, faoi alt 6(4) den Acht liosta a fhoilsiú ina léirítear ainm, grád agus mionsonraí achomair faoi ról agus freagrachtaí gach "Oifigigh Phoiblí Ainmnithe" den chomhlacht. Tá dhá chuspóir ag an liosta:

1) Deis a thabhairt don phobal na daoine ar Oifigigh Phoiblí Ainmnithe iad a shainaithint; agus
2) Mar acmhainn do bhrústocairí atá ag seoladh tuairisceáin chuig an gClár agus a chaithfeadh foinse a fháil do mhionsonraí Oifigigh Phoiblí Ainmnithe.

# PRÍOMHOIFIGIGH

| **Príomhfheidhmeannach** | |
|---|---|
| Michael Walsh | Príomhfheidhmeannach |

| **Stiúrthóir Seirbhísí** | |
|---|---|
| Fergus Galvin | Bóithre, Uisce agus Comhshaol |
| Ivan Grimes | Tithíocht, Pobal agus Seirbhísí Éigeandála |
| John Murphy | Ceann Airgeadais |
| Lar Power | Leas-Phríomhfheidhmeannach<br>Forbairt agus Pleanáil Eacnamúil |
| Michael Quinn | Corparáideach, Cultúr, Acmhainní Daonna & Córais Faisnéise |

| **Ofigigh Shinsearacha** | |
|---|---|
| Jane Cantwell | Leabharlannaí Cathrach agus Contae |
| John Croke | Innealtóir Cónaitheach Tionscadail |
| Niall Curtin | Príomhoifigeach Dóiteáin |
| Billy Duggan | OFS um Fhorbairt Eacnamúil |
| Ian Fitzpatrick | OFS um Sholáthar |
| Catherine Horan | Ceann Chórais Faisnéise |
| Carmel Hourigan | OFS Acmhainní Daonna |
| Gabriel Hynes | Innealtóir Sinsearach Bóithre |
| Paul Johnston | Innealtóir Cónaitheach Sinsearach, Tithíocht |
| Rupert Maddock | Ailtire Sinsearach |
| Pat McCarthy | Innealtóir Sinsearach, Uisce |
| Eamonn McEneaney | OFS Waterford Treasures |
| Raymond Moloney | OFS um Chomhshaol |
| Donal Murphy | Cuntasóir Airgeadais |
| Bryan O'Kane | Cuntasóir Bainistíochta |
| Jim O'Mahony | Pleanálaí Sinsearach |
| Eddie Ruane | OFS Corparáideach |
| Joe Sullivan | OFS um Thithíocht |
| Don Tuohy | OFS um Pobal |
| Richard Walsh | OFS um Fhorbairt Eacnamúil |

# DAOINE A D'ÉIRIGH AS A BPOST IN 2017

| Daoine a d'éirigh as | |
|---|---|
| Breda Power | Oifigeach Cléireachais |
| Marina Murray | SEP |
| Brendan Mernin | Oibrí Ginearálta |
| Noel Walsh | Oifeagach Foirne |
| Pat Halley | Ceardaí |
| Carmel Keating | Cúntóir Leabharlainne |
| John McGrath | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Ceapach Choinn |
| Edward Delehanty | Ailtire Feidhmeannach |
| Michael Smith | Tiománaí |
| Peggy Tutty | Glantóir Oifigí |
| John Kelly | OFA |
| Paul Tooher | SEE |
| Thomas Molloy | Oibrí Ginearálta |
| Thomas Dee | OFA |
| Michael Melligan | Saoiste |
| Peter Grant | Ceardaí |
| Barth Power | Tiománaí |
| Thomas Costigan | Oibrí Ginearálta |
| Anne Lenihan | Oifigeach Foirne |
| Patrick Roche | Tiománaí |
| Michael Coyne | Tiománaí |
| Geraldine Meehan | Oifigeach Cléireachais |
| Rena Cody | Oifigeach Riaracháin |
| Eddie Ruane | OFS |
| Brendan Butler | GSS |
| Eugene Ryan | Ceardaí |
| John Power | Ceardaí |

# DAOINE A D'FHÁG IN 2017

| **Fágálaithe** | |
|---|---|
| Peter Wall | Feisteoir, Clós Innealra |
| David Zannis | Maor Scoile |

| **Fágálaithe -** Seirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht | |
|---|---|
| Eibhinn Russell | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht |
| Thomas Rowe | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Cathair |
| Brendan Morrissey | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Dún Garbhán |
| Thomas O'Halloran | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Coill Mhic Thomáisín |
| Michael Pickford | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, An Lios Mór |
| Philip Harty | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Dún Garbhán |
| Megan Harper Smith | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, An Lios Mór |
| Darren Tuohy | |
| Eoin Maher | |
| Anthony Power | Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht, Trá Mhór |

## COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH

**Is éard atá i CPSanna coistí údarás áitiúil i gcomhairlí cathrach agus contae a bhfuil san áireamh ar a gcomhaltaí comhairleoirí tofa, ionadaithe gnó, leasanna feirme, grúpaí caomhantais/comhshaoil, ceardchumainn agus comhaltaí pobail agus deonacha. Is é cúram na gCoistí um Polasaí Straitéiseach (CPSanna), mar choistí de chuid na comhairle, cúnamh agus comhairle a thabhairt don chomhairle maidir le polasaí a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú.**

Níl aon sainchúram orthu i ndáil le gnáthchúrsaí oibríochta maidir le seirbhísí a sholáthar. Tá an córas CPS beartaithe deis a thabhairt do chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha bheith rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas ceapadh polasaí ó na luathchéimeanna ar aghaidh.

Feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 5 Choiste um Polasaí Straitéiseach (CPSanna), agus déanann an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha freastal ar gach ceann acu. Is í an Chomhairle a roghnaíonn Cathaoirligh na CSPanna ag an gCruinniú Cinn Bhliana. Is fochoistí de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad na CSPanna agus ní foláir dóibh déanamh de réir Bhuanorduithe agus rialacha nós imeachta na Comhairle.

## CPS UM FHORBAIRT EACNAMÚIL AGUS FIONTAIR 2017:

| Stiúrthóir Seirbhísí |
|---|
| Lar Power - Forbairt Eacnamúil agus Pleanáil |

| Comhairleoirí |
|---|
| David Daniels |
| Eamon Quinlan (Cathaoirleach ó Mheitheamh 2017, teacht in áit an Chomhairleora Liam Uí Bhreasaíl) |
| Eddie Mulligan |
| John Cummins |
| Liam Brazil |
| Lola O'Sullivan |
| Pat Fitzgerald |
| Pat Nugent |

| Ionadaithe Earnála |
|---|
| David Lane – Ionadaí Ceardchumainn |
| Gerty Murphy – Ionadaí LRP (Earnáil Pobail & Deonach) |
| Mark Connors – Ionadaí Feirmeoireachta |
| Paul Nolan – Ionadaí Gnó |
| Garrett Wyse – Ionadaí LRP (Earnáil um Chuimsiú Sóisialta) |

**4 AN LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2017**

Feabhra 8
Aibreán 5
Iúil 25
Samhain 7

**Doiciméid pholasaí ar cheadaigh an CPS iad lena nglacadh ag an gComhairle Iomlánach in 2017**

- Scéim Deontais um Thacaíocht Eacnamúil 2017-2018
- Straitéis Bia do Phort Láirge
- Fodhlíthe Corr-Thrádála

## COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH

# TITHÍOCHT, POBAL, CULTÚR, SPÓRT & ÁINEAS

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Ivan Grimes - Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála

Michael Quinn - Corparáideach, Cultúr, Acmhainní Daonna & Córais Faisnéise

**Comhairleoirí**

| | |
|---|---|
| **1** | Tom Cronin (Cathaoirleach) Meán Fómhair 2016 – an lá atá inniu ann |
| **2** | John Pratt |
| **3** | John Carey |
| **4** | John O'Leary |
| **5** | Blaise Hannigan |
| **6** | Damien Geoghegan |
| **7** | Laurence O'Neill |
| **8** | Breda Brennan |
| **9** | Sean Reinhardt |

**Ionadaithe Earnála**

| | |
|---|---|
| **1** | Michael Farrell – (Cumann Fiadhúlra na hÉireann) |
| **2** | Rosemary Kennedy – (Club Siúlóide Chnoc Ráth Ó gCormaic) |
| **3** | Andrea Galgey in áit Tony McSweeney (Cumann Shiondróm Down) |
| **4** | Jemma Mackey (SIPTU) |

**4** AN LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2017

| | |
|---|---|
| Márta 16 | Meitheamh 1 |
| M.Fómhair 7 | Samhain 30 |

**Doiciméid pholasaí ar cheadaigh an CPS iad lena nglacadh ag an gComhairle Iomlánach in 2017**

### Tithíocht

- Bainistiú forghníomhach ar stoc tithíochta
- Polasaí maidir le fuinneoga agus doirse
- Leasú leis an gcuid den Scéim Leithdháilte Tithíochta maidir le comharbas
- Plé faoi iompar frithshóisialta
- Nuashonrú ar an gclár caipitil tithíochta
- Nuashonrú ar Tionscadal Tithíochta PPP
- Faisnéis a sholáthar faoi leithdháiltí chuig Comhairleoirí
- Nuashonrú ar thionscadail Caipitil Tithíochta
- Nuashonrú ar Easpa Dídine
- Togra maidir le plean do thithe folmha agus suirbhé
- Plé faoi iompar frithshóisialta
- Nuashonrú ar an gclár caipitil tithíochta

### Cultúr

- An Tionscnamh Éire Chruthaitheach
- Seisiún Eolais faoi Music Generation
- Iarratas ar Mhaoiniú Eorpach do Shráid Uí Chonaill
- An Clár Éire Chruthaitheach 2017 – cur i láthair
- Seisiún Eolais faoi Right to Read (Plean Gnímh do Phort Láirge)
- Forléargas ar chlár imeachtaí Summer in the City / Artbeat
- Plé faoin gCeantar Cultúir

## COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH

# IOMPAR & BONNEAGAR

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Fergus Galvin - Bóithre, Uisce agus Comhshaol

**Comhairleoirí**

| | |
|---|---|
| **1** | Blaise Hannigan (Cathaoirleach) |
| **2** | Pat Fitzgerald |
| **3** | Ray Murphy |
| **4** | Séamus Ó Domhnaill |
| **5** | Sean Reinhardt |
| **6** | Adam Wyse |
| **7** | Cha O'Neill |
| **8** | Joe Kelly |
| **9** | Joe Conway |

**Ionadaithe Earnála**

| | |
|---|---|
| **1** | Tom O'Brien - Forbairt/Foirgníocht |
| **2** | George Kehoe - Gnó/Tráchtáil |
| **3** | Alan Walshe - Comhshaol |
| **4** | Tony McSweeney - Cuimsiú Sóisialta |
| **5** | James Coughlan - Pobal agus Deonach |

**4** AN LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2017

| | |
|---|---|
| Feabhra 22 | Bealtaine 7 |
| M. Fómhair 19 | Nollaig 13 |

**Cheadaigh an CPS na polasaithe/fodhlíthe seo a leanas in 2017 agus cuireadh ar aghaidh chuig an gComhairle Iomlánach iad nuair ba ghá:**

- Treo i Rialú Craenacha, Ardaitheoirí agus Ardáin Oibre Ardaithe Shoghluaiste ar Bhóithre Poiblí
- Polasaí um Pháirceáil Cóistí
- Ceantar Bardasach Dhún Garbhán/An Leasa Mhóir, Seastáin Cheaptha, Fodhlíthe 2017
- Ceada Páirceála do Chúramóirí a thabhairt isteach i nDún Garbhán
- Polasaí maidir le Corr-Thrádáil ar Bhóithre Náisiúnta
- Páirceáil i nDún Mór
- Agaí Bá Lódála i nDún Garbhán

# CPS NA SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL 2017

**Stiúrthóir Seirbhísí**

Fergus Galvin - Bóithre, Uisce agus Comhshaol

**Comhairleoirí**

| | |
|---|---|
| 1 | Declan Clune, Cathaoirleach |
| 2 | Declan Doocey |
| 3 | Jim Griffin |
| 4 | John Hearne |
| 5 | Mary Roche |

**Ionadaithe Earnála**

| | |
|---|---|
| 1 | Mr. Peter Kiely – Ionadaí Feirmeoireachta |
| 2 | Ms. Kate Moloney – Ionadaí um Chuimsiú Sóisialta (D'éirigh as D. Fómhair 2017) |
| 3 | Mr. Peter O'Connor – Ionadaí Comhshaoil |
| 4 | Ms. Bríd O'Hehir – Ionadaí Pobail agus Deonaigh |

**5** AN LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2017

| Feabhra | Bealtaine | Iúil | D.Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|
| 6 | 10 | 12 | 11 | 7 |

**Doiciméid pholasaí ar cheadaigh an CPS iad lena nglacadh ag an gComhairle Iomlánach in 2017:**

- Polasaí chun Déileáil le Gearáin faoi Thorainn
- Dréacht-fhodhlíthe maidir le Rialú Capall
- Polasaí Forfheidhmithe Comhshaoil

**Tuarascálacha eile a Bhreithnigh an CPS**

- Plean RMCEI 2017
- Plean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020
- Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí um Rialú Madraí 2016
- Dréacht-Mheasúnú ar Fheidhmíocht Fhorfheidhmiú Comhshaoil na GCC
- Tuarascáil ar Dhumpáil Neamhdhleathach

## COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH

# PLEANÁIL

| Comhairleorí |
|---|
| Lar Power - Forbairt Eacnamúil agus Pleanáil |

| Comhairleorí | |
|---|---|
| 1 | Joe Conway |
| 2 | M.J O'Ryan. |
| 3 | Jason Murphy |
| 4 | Seanie Power |
| 5 | James Tobin |
| 6 | Siobhan Whelan |


| Ionadaithe Earnála | |
|---|---|
| 1 | John Galloway - Comhshaol |
| 2 | Anne Marie Rossiter - Gnó |
| 3 | John O'Donnell - Pobal & Deonach |
| 4 | John Fitzgerald - Feirmeoireacht |
| 5 | Donal Lehane - Cuimsiú Sóisialta |

**4** AN LÍON CRUINNITHE CPS A TIONÓLADH IN 2017

Eanáir 17 | Meitheamh 6 | M.Fómhair 20 | D.Fómhair 25

**Na Príomhshaincheisteanna a bhreithnigh an CPS in 2017**

- Plean Oidhreachta Phort Láirge *(glacadh leis an bpolasaí ag Comhairle Iomlánach)*
- Athrú um Chaighdeáin Bhainistíochta Forbartha *(glacadh leis an bpolasaí ag Comhairle Iomlánach)*
- Athrú um Thobhach Suímh Folaimh *(glacadh leis an bpolasaí ag Comhairle Iomlánach)*
- Athrú um Chuid V Soláthar Leasaithe *(glacadh leis an bpolasaí ag Comhairle Iomlánach)*
- Athbhreithniú ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta 2017 (glacadh leis an bpolasaí ag Comhairle Iomlánach)
- Aighneacht Comhairle Phort Láirge chuig an gCreat Pleanála Náisiúnta



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

# DAOINE AGUS POBAIL

# CUMARSÁID LE CUSTAIMÉIRÍ

**1538**

**nGlao ar 0761 102020 in aghaidh na seachtaine**

**1487**


**in aghaidh na seachtaine chun caidreamh pearsanta a dhéanamh linn in oifigí Phort Láirge & Dún Garbhán**

**114**

**Cás custaiméara (BCC) cláraithe & rianaithe in aghaidh na seachtaine**

## LÁITHRE ÁN GRÉASÁN






**www.waterfordcouncil.ie**
fás ollmhór ar gach méadrach in 2017.

Líon na nAmharc ar Leathanach

**1,419,069**

Méadú ar 2016

**17%**

Cuairteoirí Fón Póca

**53%**

44% in 2016

5 leathanaigh is mó tóir orthu

1. FIOSRÚCHÁIN PHLEANÁLA AR LÍNE
2. LIGEAN ROGHABHUNAITHE
3. ÁR SEIRBHÍSÍ (LIOSTA)
4. LEATHANACH BAILE UM PLEANÁIL
5. FOLÚNTAIS

## NA MEÁIN SHÓISIALTA


Fuair leathanach Facebook Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2886 'is maith liom' nua (suas 52.5%) in 2017. Bhí ardú os cionn 50% ar an líon leantóirí. 7.3% an meánráta ran-nphairtíochta maidir le postálacha.


Is é **@waterfordcounci** hanla Twitter Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tháinig méadú 69% ar ghníomhaíocht Twitter i gcomparáid le gníomhaíocht 2016 le 2,216 tvuít.

Tháinig ardú 246% ar an líon 'is maith liom' a fuaireamar in 2017 agus méadú 159% ar atvuíteanna.

## SAORÁIL FAISNÉISE

# DO CHEIST A FHREAGAIRT




**Oifig an Choimisinéara Faisnéise**



# OIFIG NA GAEILGE

**Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

**Lean Oifig na Gaeilge** ar aghaidh ag tacú le agus ag feabhsú seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi reachtaíocht eile agus faoi Scéim na Gaeilge 2015-2018 de chuid Údaráis Áitiúla Phort Láirge. Rinne Oifig an Choimisinéara iniúchadh ar chur i bhfeidhm Scéim na Gaeilge ag an gComhairle in 2017 agus ar mhainneachtain na Comhairle an Tuarascáil Bhliantúil 2015 a eisiúint sa dá theanga oifigiúil go comhuaineach.

**Seachtain na Gaeilge**

D'fhreastail os cionn 150 duine ar sheisiúin scéalaíochta a eagraíodh i gcúig leabharlann éagsúla ar fud na Cathrach agus na Contae chun **Seachtain na Gaeilge** a cheiliúradh, i gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Phort Láirge agus ghlac na céadta leanbh páirt in os cionn 20 seisiún Bingó trí mheán na Gaeilge i gceithre leabharlann bhrainse.

**Tionól na nDéise**

Reáchtáladh dhá chaint bhreise mar chuid den tsraith léachtaí **Tionól na nDéise** in 2017. Thug an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Ceann Roinn na Gaeilge in COC caint ar an bhfile agus scríbhneoir as Port Láirge, Pádraig Ó Miléadha ag Tionól Nioclái Tóibín in An Rinn i Feabhra agus labhair an tOllamh Patricia Lysaght, Ollamh Emerita le the Scoil an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis in UCD, faoi thraidisiúin Lá Bealtaine ag Féile Bia Phort Láirge Thiar i nDún Garbhán in Aibreán.

**An Ghaeltacht**



Lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar aghaidh ag obair le pobal Ghaeltacht Chontae Phort Láirge i rith na bliana, trí tacú le himeachtaí arna n-eagrú ag grúpaí pobail áitiúla sa cheantar. Chuir an Comhlacht Forbartha an dréacht deiridh dá Phlean Teanga seacht mbliana ar aghaidh chuig an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta lena cheadú i nDeireadh Fómhair. Táthar ag súil go gcuirfear tús le cur i bhfeidhm an Phlean Teanga seo in 2018. I mí Feabhra, d'ainmnigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an tOifigeach Gaeilge Máire Seó Breathnach chuig bord na gníomhaireachta forbartha stáit, **Údarás na Gaeltachta**, post a bheidh aici ar feadh dhá bhliain. Chuaigh beirt faoi agallamh i rith na bliana chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a chinneadh mar chuid de na Coinníollacha Teanga a bhí ag gabháil le ceadanna pleanála éagsúla sa Ghaeltacht.

**Dún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta**

D'eagraigh oifigigh ó Fhoras na Gaeilge agus as an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta cruinniú poiblí i nDún Garbhán i Meitheamh chun an pobal áitiúil a chur ar an eolas faoin tábhacht agus faoin tairbhe do Dhún Garbhán a bhaineann le stádas mar '**Bhaile Seirbhíse Gaeltachta**' a lorg faoi Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge de chuid an Rialtais. Ceapadh Coiste Stiúrtha chun an próiseas iarratais ar stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a thiomáint agus a mhaoirsiú, agus chun Plean Gaeilge do Dhún Garbhán a fhorbairt agus a sheachadadh ina dhiaidh sin.

**An Coiste Logainmneacha**

Lean Coiste Logainmneacha na Comhairle ar aghaidh lena chuid oibre i rith na bliana, agus cheadaigh sé ainmneacha le haghaidh ocht bhforbairt tithíochta i ndiaidh comhairliúchán le forbróirí.

**Tionscadal Scoileanna Ainmneacha Páirceanna**

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge **Tionscadal Scoileanna maidir le hAinmneacha Páirceanna** a leathadh amach chuig ceithre scoil eile san fhómhar. Leis an tionscadal seo, tugtar spreagadh do leanaí bunscoile taighde a dhéanamh ar ainmneacha páirceanna áitiúla agus logainmneacha eile ina gceantar. Cuireadh gné ealaíonta bhreise leis an tionscadal mar chuid de chlár Éire Chruthaitheach na Comhairle, ina dtugann ealaíontóir cuairt ar gach scoil chun cabhrú leis na leanaí léirithe ealaíonta de na hainmneacha páirceanna a ndearnadh taighde orthu a chruthú. Ghlac ceithre scoil páirt sa tionscadal; Scoil Náisiúnta an Bhaile Dhuibh; Scoil Náisiúnta St. Ann, Garrán Fheannóige, Bun Machan; Scoil Náisiúnta Cill Rosanta agus Scoil Náisiúnta Dhún na Mainistreach.

**Gradaim Ghaeilge sa Ghnó**

Ghlac deich ngnó páirt sna **Gradaim Ghaeilge sa Ghnó 2017**, arna n- eagrú ag Oifig na Gaeilge i gcomhar le Comhlacht Forbartha na nDéise, le tacaíocht ó Ghlór na nGael. Bronnadh gradaim ar cheithre bhuaiteoir catagóire i mí Iúil – Cumann Gailf Dhún Garbhán (An Chomhar-thaíocht agus Ábhar Clóite is Fearr); Criostal na Rinne (An Gnó Gaeltachta is Fearr); Féile Bia Phort Láirge Thiar (An Gnó Nua is Fearr/is Mó Feabhsaithe) agus Muintir Mhic Craith (Aitheantas Speisialta as Iarracht).





Íomhá le caoinchead John Power

# BAINISTIÚ TAIFEAD & CARTLANN

Reáchtáil an tSeirbhís Chartlainne taispeántas ar líne dar teideal **"Shipwrecks off the Port Láirge Coast 1914-1918"**. Comóradh 100 bliain a bhí ann ar an lá tragóideach a ndeachaigh an SS Coningbeg agus an SS Formby go tóin poill, agus comóradh ar an iliomad longbhristeachta a tharla ar chósta Phort Láirge mar thoradh ar an bhfeachtas gníomhach U-bháid le linn na tréimhse sin.

Mar chuid d'imeachtaí comórtha na longbhristeachta reáchtáil Cumann Staire Bharúntacht na Gailtíre imeachtaí comórtha dar teideal "Friend and Foe" i gcuimhne **Kurt Tebbenjohanns, captaen an U-bháid UC44 a leag mianaigh, a bhí tugtha slán ag triúr fear as Dún Mór, agus i gcuimhne gach duine a bhásaigh i ngníomhaíocht an Chéad Chogadh Domhanda in uiscí an Dhún Mór i 1917 an 4 agus 5 Lúnasa 1917.** Bhí an taispeántas le feiceáil freisin i bpóirse an Theatre Royal.

A bhuíochas do na teaghlaigh a raibh baint acu leis, bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ábalta taispeántas mionsonraí a chur le chéile faoi SS Coningbeg agus faoi SS Formby, "The Waterford Shipping Disaster" agus chuir sí clár imeachtaí ar bun mar chomóradh ar chailleadh an Coningbeg agus an Formby i mí na Nollag 2017.




## Seirbhísí Cuairteoirí




Bíonn Cartlann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge oscailte don phobal ar An tSráid Ard, Cathair Phort Láirge, gach Máirt ón 10am – 2pm agus i nDún Garbhán gach Aoine 1pm -5pm. Ina theannta sin, féadfaidh taighdeoirí comhairle agus faisnéis a iarraidh le ríomhphost agus ar an teileafón. Tugadh freagra ar 113 iarratas in 2017.

Cuireadh taispeántas beag do T.F. Meagher ar bun sa Leabharlann Lárnach, Port Láirge i mí Feabhra 2017. Soláthraíodh cainteanna poiblí i mí an Mheithimh do Ghrúpa Staire Trá Mhór agus don tSeachtain Oidhreachta sa Phasáiste agus i nDún Garbhán.

## Bainistiú Taifead

Leanadh leis an obair in 2017 i ngach rannóg chun feabhas a chur ar chleachtais bhainistithe taifead agus leis an aistriú leanúnach taifead chuig an Lárionad Taifead a chinntiú. Soláthraíodh seirbhísí aisghabhála comhad ón Lárionad Taifead do gach rannóg.

# ÉACHTAÍ NA nÓG


Thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tacaíocht do **Éachtaí na nÓg,** obair atá ar bun in Éirinn chun spreagadh agus gríosadh a thabhairt do dhaltaí óga a lánacmhainneacht a bhaint amach ach luach a bheith acu ar an oideachas agus tuiscint a fháil ar an tslí le rath a bhaint amach sa saol oibre. Baill foirne a oibríonn go deonach chun cláir a sheachadadh lena n-ullmhaítear daoine óga le dul isteach sa láthair oibre agus le bheith ar an gcéad ghlúin eile de cheannairí gnó, a rinne an obair sin.

Le linn na scoilbhliana 2017/18 sholáthair 9 n-oibrí deonach 'Cláir Ionscoile' chuig líon iomlán de 347 ndalta. Thug oibrithe deonacha Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge deis do dhaltaí taithí a fháil ar roinnt den raon iontach áiseanna staire agus cultúir a chuireann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar fáil don phobal.




**Nascadh Bailte 2017**




**1. Talamh an Éisc**

€794

Thug an Méara, Pat Nugent, cuairt ar Thalamh an Éisc i Lúnasa 2017

**2. ST. HERBLAIN**

€2,229

Grúpa óstála ó St. Herblain, ina measc Méara St Herblain M. Affile chun 35 bliain de Nascadh Bailte a comóradh

# SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

Cuireadh tacaíocht ar fáil do phobail leis an Scéim Deontais Pobail agus Spóirt, lena dtugtar cúnamh airgeadais do chlubanna spóirt, chumainn chónaitheoirí agus grúpaí pobail agus deonacha d'fhonn inbhuanaitheacht a chinntiú. Bhí 376 iarratasóir incháilithe agus leithdháileadh €155,770 in 2017 ar an tionscnamh seo.

Reáchtáil an Rannóg Phobail dhá scéim deontais nua in 2017 – an Scéim Saoráidí Pobail agus an clár RAPID do limistéir faoi mhíbhuntáiste. Leithdháileadh €129,000 ar thionscadail éagsúla faoi dheireadh na bliana.

In 2017, lean an Rannóg Pobail ar aghaidh ag tacú le foirgnimh phobail a bhíonn in úsáid seasta ag pobail áitiúla.

Tá teist mhaith ag Port Láirge maidir le bheith rannpháirteach ag an Ócáid Bhronnta Gradam um Mórtas Áite. In 2017, rinne Grúpa Tascfhórsa Phort Lách ionadaíocht ar Phort Láirge sna Gradaim um Mórtas Áite. Ba é Tramore and Waterford Arch Club buaiteoir foriomlán Ghradaim Phobail agus Dheonacha LRP Phort Láirge 2017 agus déanfaidh siad ionadaíocht ar Phort Láirge ag na Gradaim um Mórtas Áite 2018.

Bhí bliain mhaith eile in 2017 ag Comhairle na nÓg Phort Láirge. 'No Fear of the Other' an teideal a bhí ar an bpríomhthionscadal a rinne na comhaltaí. Cuireadh i láthair é ag an gCruinniú Cinn Bhliana i nDeireadh Fómhair agus tharraing sé aird ar an tábhacht a bhaineann le Cuimsiú Sóisialta agus Éagsúlacht. Glacann 90% de na hiarbhunscoileanna agus clubanna óga áitiúla páirt i gComhairle Phort Láirge.

**Líonra Rannpháirtíochta Pobail:** Tháinig ardú ar an mballraíocht in 2017. Tá 590 grúpa cláraithe leis an LRP anois. Tugann an Rannóg Pobail páirt-mhaoiniú agus tacaíocht d'obair an LRP. Bhí an Chomhairle mar phríomhchomhpháirtí sna Gradaim Phobail bhliantúla – arna n-eagrú ag an LRP – lena dtugtar aitheantas d'obair phobail ar fud na Cathrach agus an Chontae. In 2017, d'oibrigh an Chomhairle go dlúth leis an LRP agus leis An Garda Síochána ar shocrú Líonraí Sábháilteachta Pobail.

**Comhchoiste Póilíneachta:** Tá CCP forghníomhach ag Port Láirge atá ag dul i ngleic le saincheisteanna éagsúla chun áit níos sábháilte do chách a dhéanamh de Phort Láirge. Tionóladh cruinniú poiblí, ar a d'fhreastail go leor, i Meitheamh 2017. Bhí na saincheisteanna a pléadh mar fhaisnéis ag ullmhúchán Dhréachtphlean Straitéiseach an CCP 2018-2023.

**Comhaontas Aoisbhá:** I ndiaidh roinnt mhaith plé agus rannpháirtíochta, seoladh Straitéis Aoisbhá Phort Láirge 2017-2022 i mí na Nollag 2017. Forbraíodh gníomhartha straitéiseacha mar thoradh ar chomhairliúcháin phoiblí a tionóladh ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge. Ceapadh naoi bhfoghrúpa théamacha a thosóidh ar na gníomhartha sainaitheanta a sheachadadh.

**Deontais d'Fhéilte Pobail:** lean an Rannóg Pobail ar aghaidh ag tacú le féilte pobail i rith na bliana. Bhain 25 fhéile leas as caiteachas iomlán €57,182.

**Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig:** ba é téama fhéile na bliana 2017 a bhí ar siúl i gCathair Phort Láirge, "É a Dhéanamh ar an Rian Glas". Tháinig líon measta de 30,000 duine amach chun tacú leis na 45 ghrúpa a bhí rannpháirteach agus bhain siad sult as na himeachtaí coimhdeacha a chinntigh gur lá spraíúil a bhí ann don teaghlach go léir. B'iomchuí go raibh searmanas sollúnta ag tús na Paráide in ómós do sheirbhís an Chaptaein Dara Fitzpatrick, nach maireann, agus a criú. Nóiméad ciúnais, cúirtéis agus an Ghairm Dheiridh a bhí sa searmanas, faoi stiúir rannpháirtithe Óglaigh na hÉireann agus na Cosanta Sibhialta, le tacaíocht ó Bhanna Práis Chathair Phort Láirge, ar an láthair ar chéad ardaíodh an Trídhathach dá bhfónann siad.

**Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil (GILS):** Leis an ngrúpáil seo de ghníomhaireachtaí reachtúla ábhartha agus de thionscnaimh a fhaigheann tacaíocht ón Stát, a bhfuil baint acu le raon iomlán seirbhísí a sholáthar don Lucht Siúil, dírítear ar sheachadadh praiticiúil na seirbhísí sin a fheabhsú. Tá mar aidhm le Grúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Phort Láirge teacht ar bhealaí chun torthaí níos fearr a bhaint amach don Lucht Siúil agus feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as acmhainní arna gcur ar fáil ar fud ranna Rialtais do bhearta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Chas GILS Phort Láirge le chéile ceithre huaire in 2017 agus faoi dheireadh na bliana bhí dul chun cinn á dhéanamh acu ar 'Phlean Gnímh' nuashonraithe.I measc na dtorthaí/na ngníomhartha suntasacha bhí tacú le róil i 'Mórtas an Lucht Siúil' agus imeachtaí ' Éagsúlachta', 'Taispeántas Stair Bheo an Lucht Siúil' i ndiaidh gur thug an Stát aitheantas d'eitneacht an Lucht Siúil, agus breithniú a dhéanamh ar fhéidearthacht 'Chlár na Brataí Buí' a ndearnadh measúnú air agus a dearbhaíodh tiomantas tabhairt faoi in 2018.

## SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

Lean an **Coiste Forbartha Phobal Áitiúil Phort Láirge (CFPA),** arna bhunú ag an gComhairle, ag bualadh le chéile agus ag soláthar an ghné Phobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Déanann sin soláthar do chur chuige níos comhleanúnaí, sruthlínithe agus comhordaithe ar chláir forbartha pobail agus áitiúla. Bhuail foghrúpa Feabhsúcháin Scileanna le chéile roinnt uaireanta in 2017 chun machnamh a dhéanamh ar thionscnaimh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na bearnaí scileanna atá ann i bPort Láirge. In 2017, bunaíodh foghrúpa CFPA maidir le Sláinte agus Folláine chun cur leis an obair a rinne an tionscnamh Port Láirge Sláintiúil le blianta beaga anuas. Ina theannta sin i measc go leor gníomhaíochtaí eile, rinneadh athbhreithnithe rialta ar chur i bhfeidhm an chláir SICAP atá á sheachadadh faoi láthair ag Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge.

Is ar an CFPA atá an phríomhfhreagracht maidir le caiteachas forbartha áitiúil a phleanáil agus a mhaoirsiú. Déantar ionadaíocht ar chomhlachtaí poiblí agus príobháideacha ón rialtas áitiúil, ar ghníomhaireachtaí stáit, ar phobail áitiúla, agus ar leasanna forbartha, sóisialta agus eacnamúla ar an CFPA.

**1. Cuimsiú Sóisialta:**
Bhí tionchar ollmhór i gcónaí ag an gCiste um Ghníomhachtú an Phobail i gCuimsiú Sóisialta (SICAP), arbh fhiú €1,098,446 é don Chathair agus don Chontae in 2017, ar phobail agus ar dhaoine faoi mhíbhuntáiste in 2017, agus tugadh aird ar leith ar Dhaoine faoi Mhíchumas, ar an Lucht Siúil agus ar na Romaigh.

**2. Clár Forbartha Tuaithe 2014 – 2020 – buiséad €7,522,763**
I rith 2017, rinne an CFPA, ag gníomhú mar an nGrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG), dul chun cinn ar sheachadadh na ngníomhartha forbartha áitiúla a ceadaíodh sa Straitéis Forbartha Áitiúil don phobal tuaithe. Tionóladh 10 gcruinniú agus faoi dheireadh 2017 bhí 25 thionscadal ceadaithe ag an LAG, arbh fhiú €1.85m iad. Eisíodh an chéad íocaíocht PFT i mí na Nollag agus b'fhiú €111,069 í.


**25** THIONSCADAL CEADAITHE IN 2017

AR LUACH **€1.85M**

## SEIRBHÍSÍ POBAIL AGUS SPÓIRT

### SPÓRT AGUS ÁINEAS

**Ceann de na príomhchuspóirí de chuid CCCPL maidir le spórt ná an rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú ach tacú le forbairt ar shaoráidí spóirt agus pobail ghníomhacha a chur chun cinn.**




Chuaigh **Comhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge** i mbun oibre i bpáirt a chéile ar roinnt tionscadal i rith na bliana, ina measc Tionscadal Mhol Spóirt Phobal Charraig Phiarais, Seachtain Náisiúnta na Rothar, an tSeachtain Náisiúnta Fóillíochta agus Turas Phort Láirge Sean Kelly.

**Club Gailf Bhaile Liam:** Tháinig ardú in 2017 ar an líon daoine a d'úsáid an cúrsa gailf bardasach. Cheiliúir Cúrsa Gailf Bhaile Liam 20 Bliain ar an bhfód le deireadh seachtaine oscailte ar éirigh thar cionn leis. Rinneadh oibreacha draenála leanúnacha de réir an Phlean 5 Bliana. Fuarthas dhá scútar innealta chun cabhrú le daoine nach raibh chomh soghluaiste sin bheith rannpháirteach.

**Ionad Spóirt Réigiúnach:** In 2017 bhuaigh an ISR Páirc Imeartha Léige na Bliana Airtricity SEE, teist ar an gcothabháil agus ar na feabhsúcháin atá déanta ag an gComhairle ansin le blianta beaga anuas. Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge uasghrádú ar na seomraí feistis sa tsaoráid freisin.

**Ionad Spóirt Dhún Garbhán:** In 2017 thionóil grúpaí nua imeachtaí in Ionad Spóirt Dhún Garbhán, e.g. ceoldrámaí le Junior Musical Stage School. Reáchtáladh Craobhchomórtas Dornálaíochta na nÓg na Mumhan sa tsaoráid freisin in 2017.

**Halla spóirt agus saoráid pobail Charraig Phiarais:** Díreach bliain amháin atá an tsaoráid seo ar oscailt agus tá líon suntasach clubanna agus eagraíochtaí áitiúla ag baint úsáid aisti ar bhonn rialta.



Oscailt Riain Ghlas na nDéise,
Coill Mhic Thomáisín, Márta 2017

# TITHÍOCHT

## SEIRBHÍSÍ EASPA DÍDINE

**776**
CUR I LÁTHAIR IN 2017

**2.5%**
ARDÚ Ó 2016

**24**
AONAD NUA CURTHA AR FÁIL

**101**
DAOINE FÁSTA RANGAITHE MAR GAN DÍDEAN

Líon na ndaoine fásta rangaithe mar gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar an 31.12.2017

## IOMPAR FRITHSHÓISIALTA

**149**
GEARÁN FAIGHTE

**104**
GNÍOMH FORFHEIDHMITHE DÉANTA

## STOC TITHÍOCHTA

**4941**
Faoi úinéireacht CCCPL ag deireadh 2017

**817**
Cigireachtaí in 2017 ar stoc tithíochta ÚÁ

**2.6%**
% den stoc folamh ag am ar bith

**21 WEEKS**
Meán-aga slánúcháin thithe folmha leasaithe

## Tithíocht ÚÁ a chothabháil agus a fheabhsú

**8741**
Iarratas ar chothabháil faighte in 2017

**817**
Cigireacht ar stoc tithíochta ÚÁ in 2017

**836**
Cigireacht ar theaghais phríobháideacha ar cíos

**689**
Gan comhlíonadh iomlán le Rialacháin (Caighdeáin Tithíochta do Thithe ar Cíos)

# TITHÍOCHT

## LIGEAN ROGHABHUNAITHE

Is modh é an Scéim Ligin Roghabhunaithe is féidir a úsáid chun maoin de chuid na Comhairle a leithdháileadh. Tugann sí níos mó rogha agus rannpháirtíochta d'iarratasóirí ar ceadaíodh tithíocht nó aistriú dóibh maidir le teach nua a roghnú.




An líon amharc ar an leathanach
**42,469**

Maoin sealbhais a fógraíodh
**43**

Léiriú Spéise curtha isteach
**3,636**

Tionóntaí leithdháilte faoin LRB
**30%**

## DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA

**282**
Iomlán na dtacaíochtaí deontais 2017


**121**
Líon iarratasóirí a fuair deontas faoin Scéim Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

**105**
Líon iarratasóirí a fuair deontas faoi Scéim na nÁiseanna Soghluaisteacht


**56**
Líon iarratasóirí a fuair deontas faoin Scéim Oiriúnú Tithíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas

# TITHÍOCHT

## Tacaíochtaí tithíochta soláthartha in 2017




- Tionóntachtaí RAS = 8
  **% Tacaíochtaí Tithíochta = 1%**
- Tionóntachtaí Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe = 19
  **% Tacaíochtaí Tithíochta = 2%**
- Aonaid bhreise soláthartha ag CCCPL & CTC do dhaoine gan dídean = 59
  **% Tacaíochtaí Tithíochta = 6%**
- Leithdháiltí thionóntachtaí stoc sóisialta ÚÁ = 216
  **% Tacaíochtaí Tithíochta = 20%**
- Tionóntachtaí ÍCT = 771
  **% Tacaíochtaí Tithíochta = 71%**




Líon líonta tí leochaileacha a fuair tacaíochtaí

Céatadán an líon iomlán tacaíochtaí neamh-ÍCT

## IARRATAIS AR THITHÍOCHT




**668**
Ceadaithe
in 2017

# TITHÍOCHT

**Measúnú ar riachtanais tithíochta 2017**

| Líon iomlán líonta tí ar liosta feithimh amhail measúnú 2017 | 1444 | 100% |
|---|---|---|
| **Comhdhéanta de** | | |
| Saoránaigh Éireannacha | 1098 | 76% |
| Saoránaigh LEE | 284 | 20% |
| Saoránaigh Neamh-LEE | 62 | 4% |
| Duine aonair sa líon tí | 722 | 50% |
| Duine fásta aonair le leanbh/leanaí | 441 | 31% |
| Lánúin gan leanaí | 263 | 18% |
| Dífhostaithe | 850 | 59% |
| Fostaithe | 374 | 26% |
| Ioncam ón Leas Sóisialach amháin | 934 | 65% |
| Ioncam ó fhostaíocht amháin | 221 | 15% |
| Ag cónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos | 770 | 53% |
| Líon tí le riachtanas tithíochta ginearálta | 1203 | 83% |
| Ag fulaingt riachtanais Fisiciúil/Céafaigh, míochaine/míchumais | 116 | 8% |
| Líonta tí de dhaoine gan dídean | 72 | 5% |
| Líonta tí Lucht Siúil | 31 | 2% |


| Tréimhse ama ar an liosta | | |
|---|---|---|
| Níos lú ná trí bliana | 714 | 50% |
| Trí go cúig bliana | 365 | 25% |
| Níos mó ná 5 bliana | 365 | 25% |

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

# CULTÚR FÁIS A CHRUTHÚ

# FORBAIRT EACNAMÚIL - BUAICPHOINTÍ 2017

**Oscailt Oifigiúil**
**Rian Glas na nDéise**



Ceanglaítear oirthear agus iarthar Phort Láirge le **Rian Glas na nDéise,** sean-iarnród easbhóthair 46 km, d'úsáid chomhroinnte. An tAire Simon Coveney a d'oscail go hoifigiúil é i Márta 2017, agus thug 247,000 duine cuairt ar Rian Glas na nDéise i rith 2017. Níl taithí an chuairteora teoranta do chonair fisiciúil an bhealaí agus osclaíodh leis an ceangal idir Dún Garbhán agus Cathair Phort Láirge, leis an An Cósta Chopair ar thaobh amháin agus tírdhreach drámatúil Shléibhte an Chomaraigh ar an taobh eile.


**Scéim um Athnuachan Uirbeach**
**Lár Cathair Phort Láirge**



Le **tionscadal Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge** – arna mhaoiniú ag an Rialtas tríd an Roinn agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó acmhainní Chomhairle Phort Láirge féin – cuirfear feabhas ar fheidhmiúlacht agus ar chuma chodanna mór de lár na cathrach. Athosclaíodh ceantar Mhargadh na nÚll den Chathair i ndiaidh díon a thógáil os cionn na sráide. Leanadh leis an obair le linn 2017 ar chlár ollmhór dhá bhliain d'oibreacha um athnuachan uirbeach lena n-infheisteofar os cionn €17.3m i Lár Chathair Phort Láirge.

**Na Céanna ó Thuaidh**

Tháinig **an t-ainmniúchán CFS** do cheantar na gCéanna ó Thuaidh de Chathair Phort Láirge i ndiaidh aighneacht a bheith seolta chuig an Rialtas ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge mar an nGníomhaireacht Forbartha. Bhí an ceantar forbartha i gceist comhdhéanta den Ché ó Thuaidh, Cé Frank Cassin agus iar-láithreán IAWS, ag cuimsiú ceantar tuairim is 7 heicteár. Leis an ainmniúchán CFS, cuireadh ardán ar fáil chun breith ar shuntas eacnamúil agus sóisialta na gCéanna ó Thuaidh agus chun poitéinseal athghiniúna an láithreáin straitéisigh seo a bhaint amach.



**Forbairt Tuaithe**

Sholáthair an Chomhairle roinnt tionscnamh freisin i bpobail tuaithe faoi thionscadal na mBRATACH agus faoin Scéim um Athnuachan Bhailte agus Sráidbhailte.

**BRATACH CHORCRA**

Bronnadh athnuachan ar ár stádas **Bratach Chorcra** ar Phort Láirge i Meitheamh 2017 ag searmanas bronnta in Bournemouth. Moladh an t-iarratas as láidreacht na comhpháirtíochta idir pháirtithe leasmhara i gCrios Phort Láirge. Tugtar aitheantas, leis an gcreidiúnú, do chrios Bhratach Chorcra Phort Láirge mar cheann scríbe beoga, beomhar agus sábháilte ina bhfuil raon leathan de shiamsaíocht teaghlaigh, ionaid ealaíon agus chultúir, siopadóireacht, bialanna, tithe tábhairne agus clubanna oíche, cóiríocht agus roghanna iompair.

Tionóladh **Gnó sa Phobal** le dhá rang Idirbhliana as Coláiste na Maighdine i gCathair Phort Láirge, agus bhí 35 dalta rannphháirteach.

# FORBAIRT EACNAMÚIL

**In 2017, thacaigh OFA Phort Láirge le fiontraíocht, gnónna nuathionscanta agus fás fiontair ar na bealaí seo a leanas:**

Local Enterprise Office
*Let's talk business*

**559,591**
Ceadaithe i ndeontais Airgeadais

**31**
Gnó i bPort Láirge a fuair tacaíocht

**105**
973 RANNPHÁIRTÍ
clár oiliúna

**17**
Fiontraí óg páirteach in #IBYE
(an Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn)

**230**
Fiontraí a bhain leas as meantóireacht

**42**
LÍON IOMLÁN €85,269
Scéim Dearbhán Trádála ar Líne

**11**
197 RANNPHÁIRTÍ
Imeachtaí i rith Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla

**950**
Dalta rannpháirteach sa chlár fiontraíochta do dhaltaí

**16**
as 16 iarbhunscoil agus bhunaigh siad micrifhiontair



Íomhá le caoinchead
Fintan McGee (Aus),
Féile Bhallaí Phort Láirge 2017

# BAINISTIÚ LÁR NA CATHRACH AGUS NA mBAILTE




## 1 Port Láirge

Leagtar amach i bPlean Bainistithe Lár Chathair Phort Láirge 2017-2020 fís Ghrúpa Bainistithe Lár Chathair Phort Láirge do lár na cathrach do 2017 agus ina dhiaidh sin. Leagtar amach freisin sa Phlean an uaillmhian maidir le fás agus athghiniúint leanúnach lár na cathrach.

Bhuail Grúpa Bainistithe Lár Cathair Phort Láirge le chéile 4 huaire chun na gníomhartha a aithníodh sa Phlean Bainistithe do Lár na Cathrach a bhrú chun cinn.

## 2 Dún Garbhán

Bhí Grúpa Bainistithe Lár Bhaile Dhún Garbhán rannpháirteach i roinnt tionscnamh an-rathúla, nó thacaigh leo, a bhí dírithe ar bheogacht lár an bhaile a mhéadú. Áiríodh orthu sin athfhorbairt Chearnóg Grattan a thabhairt chun críche, seiceálacha sláinte lár an bhaile a dhéanamh, cur chun cinn agus maoiniú maidir le scéimeanna chur i láthair agus tacaíochta gnó, agus rannpháirteachas i bhFeilte agus Imeachtaí. Bhuail Grúpa Bainistithe Lár Bhaile Dhún Garbhán le chéile 5 huaire chun na gníomhartha a aithníodh sa Phlean Bainistithe do Lár an Bhaile a bhrú chun cinn.

## 3 Trá Mhór

Lean Grúpa Bainistithe Lár Bhaile Thrá Mhór de Phlean Bainistithe Lár Bhaile Thrá Mhór 2016 – 2018 a chur i bhfeidhm. Cruthaíodh deis, le plean bainistithe lár bhaile a fhorbairt, Trá Mhór a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe de réir Plean Forbartha an Chontae.

Bhuail Grúpa Bainistithe Lár Thrá Mhór le chéile 3 huaire chun na gníomhartha a aithníodh sa Phlean Bainistithe do Lár an Bhaile a bhrú chun cinn.

# TURASÓIREACHT

In 2017, d'fhoilsigh an Chomhairle a **Ráiteas Straitéise agus Plean Oibre maidir le Turasóireacht 2017 – 2022** ina leagtar béim ar Phort Láirge mar cheann scríbe ina bhfuil neart sócmhainní, cathair stairiúil, bailte agus sráidbhailte áille, sléibhte áille, tuath sochair, líne cósta suntasach, taitneamhachtaí cuairteoirí ar chaighdeán domhanda, agus raon leathan féilte agus imeachtaí.

Tá cáil ar Phort Láirge mar cheann scríbe oidhreachta nádúrtha uirbigh/cósta/tuaithe, ina bhfuil meascán de thaitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí a bhfuil tóir ag raon leathan cuairteoirí orthu. Is é Port Láirge 'an Chathair is Sine in Éirinn', rud a luíonn go maith le brandáil Fáilte Éireann ó thaobh Seanoirthear na hÉireann. Cabhraíonn téama láidir oidhreachta agus cultúir cheantar stairiúil Phort Láirge, Triantán Lochlannach Phort Láirge, leis sin freisin. Tá athrú suntasach tagtha ar an turasóireacht i bPort Láirge le blianta beaga anuas agus infheistíocht déanta i dtaitneamhachtaí turasóireachta suaitheanta, i dturasóireacht ghníomhaíochta agus i bhféilte agus imeachtaí ardchaighdeáin a bhunú agus tacú leo.

### Turasóireacht Chúrsála

**Turasóireacht Chúrsála** – Tá Port Láirge ina phort cuarda a bhfuil an-tóir air i measc cuideachtaí cúrsála le blianta anuas, agus longa ag stopadh i nDún Mór, Belview, agus ag na Céanna ó Thuaidh. Is geata tábhachtach é Port Láirge do phaisinéirí cúrsála chun aithne a chur ar chinn scríbe eile san Oirdheisceart.

### Munster Vales

MUNSTER VALES

**Tionscnamh Munster Vales** – Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge mar chuid de thionscnamh margaíochta turasóireachta idir chomhairlí Thiobraid Árann, Chorcaí agus Luimnigh, le béim ar ghníomhaíochtaí siúil agus eachtraíochta sna ceithre shliabhraon, Cnoc Mhaoldomhnaigh, Na Comaraigh, Sliabh an Nóglaigh agus Bealach Eabhra.

---

### MÚSAEM NA SEOD PHORT LÁIRGE

Waterford TREASURES
THREE MUSEUMS IN THE VIKING TRIANGLE

Rinne Músaem na Seod Phort Láirge, le cúnamh ó rannóg na n-ailtirí i bhForbairt Eacnamúil, bainistiú ar an tionscadal 'Dragon Slayer Sword' – an dealbh adhmaid is faide ar domhan, a dhear an t-ealaíontóir áitiúil, John Hayes. An Méara, an Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin, agus an t-aisteoir a rugadh i nDún Garbhán, Moe Dunford, ón tsraith theilifíse Vikings, a nocht an claíomh. Cuireadh scáileán idirghníomhach ollmhór ag léiriú na taitneamhachtaí sa Triantán Lochlannach in airde os comhair an Mhúsaeim Mheánaoisigh – le maoiniú ó dheontas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**76,000** Líon na ndaoine a thug cuairt ar Phálás an Easpaig agus Músaem na Meánaoise ar thiceád íoctha

**106,000 CUAIRTEOIR** – Cuairteoirí a d'íoc as cuairt ar an Triantán Lochlannach

**16%** – Ardú ar an líon in 2016

**30,000** – Cuairteoir ar Thúr Raghnaill

- D'íoc os cionn **106,000** cuairteoir as cuairt ar an Triantán Lochlannach a bhuíochas do Mhúsaem na Seod Phort Láirge. D'íoc **76,000** cuairteoir as cuairt ar Phálás an Easpaig agus an Músaem Meánaoiseach.
- Sin ardú **16% ar an líon a bhí ann in 2016.**
- Den chéad uair, bhí níos mó cuairteoirí ann as Meiriceá Thuaidh ná as Éirinn. **30,000** a thug cuairt ar Thúr Raghnaill.

# SEIRBHÍSÍ CULTÚIR



Cinntítear le tacaíocht leanúnach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge d'Fhéilte Ealaíon agus d'Ionaid Ealaíon go bhfuil timpeallacht ealaíonta bheoga agus inrochtana ag Port Láirge. Tugadh tacaíocht d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíonta i rith na bliana leis an bpróiseas iarratais nuashonraithe ar dheontais, sparánachtaí agus gradaim. Ina measc sin bhí sparánachtaí Artlinks le haghaidh fhorbairt ghairmiúil ealaíonta leanúnach, deontais Cleachtais Ealaíon, Gradam Réigiúnach Ealaíon Tyrone Guthrie; Sparánacht Ealaíon O' Regan, sparánachtaí do Chór Óige na hÉireann agus do Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann; Scoil Samhraidh Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann, Sparánachtaí Scríbhneoireachta agus Sparánacht na nEalaíon Traidisiúnta, Blas.





Leanann an Chomhairle Ealaíon ar aghaidh ag tacú le clár bliantúil na hOifige Ealaíon sna réimsí na hEalaíona san Oideachas, na hEalaíona sa tSláinte, na hEalaíona Pobail agus le tionscadail sainiúla sna réimsí scannáin, an litríocht, ceol agus na hamharcealaíona.

Tá plúr na litríochta i bPort Láirge agus tacaíonn an Oifig Ealaíon le scríbhneoirí agus le grúpaí scríbhneoirí, le meantóireacht, ceardlanna agus cúrsaí litríochta. D'éirigh go hiontach in 2017 le 'The Lit', féile nua litríochta le daoine óga agus do dhaoine óga. Tugtar tacaíocht leanúnach do nua- scríbhneoireacht na hÉireann le Gradam Scríbhneoireachta Chruthaithí Molly Keane Phort Láirge agus le Gradam Filíochta Phort Láirge. Tá Deireadh Seachtaine Phort Láirge do Scríbhneoirí mar chuid den fhéile Imagine a reáchtáiltear i mí Dheireadh Fómhair gach bliain.

Chuir Ionad Ealaíon Sean-Teach an Mhargaidh, Dún Garbhán agus Dánlann Greyfriars sa Chathair raon taispeántas agus imeachtaí ar bun i rith 2017. Bhí clár fiúntach imeachtaí ceoil ar bun ag an Ionad Cultúrtha Gharda Cósta i dTrá Mhór. Tá Gailearaí Comhaimseartha Goma ag feidhmiú le foireann choimeádaíochta anois agus ag freastal ar an earnáil chomhaimseartha. Is ionad a bhfuil tóir air i gcónaí é Amharclann na Cathrach, Dún Garbhán, d'eagraíochtaí ealaíon phobail agus do léiriúcháin ar camchuairt.

Bhí clár imeachtaí ag an Oifig Ealaíon a luí isteach le tionscnaimh náisiúnta amhail Lá Éigse Éireann, Oíche Chultúir agus Bealtaine – ag ceiliúradh na cruthaitheachta is muid ag dul in aois. Thug an Oifig Ealaíon tacaíocht freisin d'fhéilte áitiúla le linn na bliana, le taispeántais agus imeachtaí faoi leith, de réir mar ba ghá. Tháinig leathnú ar an gclár Summer in the City/Artbeat in 2017 nuair a bunaíodh clár píolótach nua do scoileanna.

Tá áthas ar an Oifig Ealaíon bheith mar chuid d'fhoireann Éire Chruthaitheach Phort Láirge, ag obair i dtreo raon idirghabhálacha chun tacú le forbairt agus folláine cultúir.

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

**Soláthraíonn ár Leabharlanna líonra mór seirbhísí túslíne ar fud an Chontae lena gcuirtear spásanna agus faisnéis chultúir, foghlama, taighde, oideachais agus sóisialta ar fáil.**

| | | |
|---|---|---|
| An líon Cuairteoirí ar Leabharlanna Phort Láirge in 2017 | | 532,540 |
| Sprioc | 515,792 | |
| An líon Imeachtaí a thionóil Leabharlanna Phort Láirge in 2017 | | 2,894 |
| Sprioc | 2299 | |
| Caiteachas Bliantúil ar Stoc in aghaidh an Duine | €1.67 | |
| Sprioc | | €2.00 |
| An líon úsáideoirí WiFi | | 34,584 |
| Sprioc | 26,291 | |
| An líon Seisiún Idirlín | | 70,051 |
| Sprioc | 67,000 | |

| | | |
|---|---|---|
| An líon míreanna a eisíodh le haghaidh Leabhar | | 401,547 |
| Sprioc | 368,506 | |
| An líon míreanna a eisíodh le haghaidh Eile | | 84,110 |
| Sprioc | 92,177 | |
| An líon Íoslódálacha Closleabhar agus Ríomhleabhar | | 14,088 |
| Sprioc | 5,774 | |
| An líon Íoslódálacha Irisí | | 6,306 |
| Sprioc | 6,204 | |

## Leabharlann Charraig Phiarais

An 10 Bealtaine 2017, osclaíodh an leabharlann bhrainse nua ag Carraig Phiarais don phobal. Mar chuid de Champas Pobail Charraig Phiarais, ina bhfuil leabharlann nua-aimseartha, dhá scoil, saoráid spóirt agus campas pobail, tacaíonn an campas uathúil seo le cur chuige comhoibríocht, comhpháirtíochta maidir le soláthar seirbhísí. Cuireadh ar an ngearrliosta í in 2017 do Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil as an tSeirbhís Leabharlainne is Fearr. Thug os cionn 38,000 cuairteoir cuairt ar Leabharlann Charraig Phiarais in 2017.






## Plaic Ghorm

Ag cruthú naisc idir ghlúnta na dtodhchaí agus daoine ón am atá caite agus le foirgnimh an am i láthair – bronnadh onóir mhór na Plaice Goirme ar Leabharlann Thulach an Iarainn in 2017. Aithníodh Leabharlann Thulach an Iarainn mar fhoirgneamh stairiúil suntasach agus cuireadh le Conair na Plaiceanna Gorma é, ní is díol spéise ollmhór do chuairteoirí chuig Port Láirge.

# IMEACHTAÍ

Tionóladh beagnach 2,900 imeachtaí éagsúla ar feadh na 12 leabharlann bhrainse (ardú suntasach 25% ar 2016).




**Áiríodh ar na buaicphointí;**

**Bealtaine –Ceiliúradh Náisiúnta 2017 ar na hEalaíona agus ar an gCruthaitheacht is muid ag Dul in Aois**
D'fhreastail 750 saoránach de chuid Phort Láirge ar imeachtaí amhail gharraíodóireacht, ealaíona agus ceardaíocht, cóiriú bláthanna, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceardlanna um chothú, agus léirithe Éire agus Luí na Gréine le Cór Leabharlainne Bhealtaine.

In 2017, d'eagraigh an **Central Library Europe Direct Information Centre** go leor seimineár, cainteanna agus ceardlann ar éirigh go maith leo. Thug an chaint chomhoibríoch, "Plean Infheistíochta AE – deis do ghnó áitiúil' i gcomhionad oibre Boxworks, deis d'fhiontraithe áitiúla éisteacht le painéal saineolaithe an plean a phlé, chomh maith lena ábharthacht do réigiún an oirdheiscirt agus an tslí phraiticiúil a bhfuil feidhm aige le gnónna Phort Láirge.

**"60 years of Europe since The Treaty of Rome"** – Thug an léachtóir cáiliúil as an nGearmáin, Ingo Espwnscied, na céadta dalta iarbhunscoile ar aistear ilmheáin tríd an am, a chuir beocht i stair chasta na hEorpa.

Ghlac 1321 páistí bunscoile ar fud Phort Láirge páirt sa **Chlár Léitheoireachta Réaltaí Samhraidh**; clár gníomhaíochta bunaithe ar léitheoireacht a bhí ar fáil saor in aisce i rith shamhradh 2017.

Reáchtáil an Leabharlann Lárnach **ranganna Seapáinise** leis an teagascóir Kumiko Tsuchida.

Tionóladh an fhéile **Towers and Tales Story Festival** - Book Babies in Leabharlann Leasa Móir. Cheangail an maisitheoir agus beochantóir Yasmeen Ismail, a bhfuil gradam faighte aici, seisiún idirghníomhach speisialta scéalta, maisiúchán agus dráma do ghrúpa mór lapadán áitiúil agus a dtuismitheoirí.

Tugadh isteach scéim phíolótach um **Léitheoir Cónaitheach** in 2017. D'oibrigh an léitheoir a ceapadh, Lani O'Hanlon, leis an tseirbhís leabharlainne chun clár breise gníomhaíochtaí a sholáthar, ag cur aoibhneas agus buntáistí na léitheoireachta do theaghlaigh chun cinn.

Áiríodh ar bhuaicphointí eile: Féile Leabhar na Leanaí, an tSeachtain Oidhreachta Seachtain na Gaeilge, Uaschúrsáil Faisin agus Troscáin, *Welly Tales*, seisiúin súgradh céadfach *The Hungry Caterpillar*, Cóisir Tae Tinsil na Lapadán, *Speaking with Confidence*, Comórtas Litrithe PLICS agus a lán eile.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

### CEANGAIL

Leanadh leis an bhforbairt ar chomhpháirtíochtaí agus caidrimh oibre le grúpaí, le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí le linn 2017.

Thacaigh Leabharlanna Phort Láirge le **"The Lit"**, an chéad fhéile litríochta do léitheoirí agus do scríbhneoirí is déagóirí, arna heagrú ag léitheoirí agus do scríbhneoirí is déagóirí. I ndiaidh don fhéile rath a bhaint amach in 2017, chuaigh roinnt de na heagraithe isteach le Comhairle na nÓg de chuid Leabharlanna Phort Láirge mar chuid de The Shona Project, faoi cheannas Leabharlann Thrá Mhór. Is clár ar líne a bhfuil gradam faighte aige é The Shona Project, a dhéanann féinmheas, dearfacht agus baint amach spriocanna a chur chun cinn i measc na mban óg.

Thionóil Leabharlanna Phort Láirge sraith cainteanna agus maidineacha caifé in 2017 do thuismitheoirí leanaí a bhfuil disléicse orthu, mar chuid de **Choiste Disléicse Phort Láirge.** Tugadh míniú ar dhisléicse, ar na bealaí gur féidir le tuismitheoirí cúnamh a thabhairt do leanaí agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil do thuismitheoirí agus do scoileanna.

### NÁISIÚNTA

Ghlac Leabharlanna Phort Láirge páirt i dtionscnaimh náisiúnta le linn 2017

**'Éire Sláintiúil ag do Leabharlann'** – bunaíodh i mí na Samhna. Chuir an clár seo leis an bhfaisnéis faoi shláinte i leabharlanna poiblí ach acmhainní nua ar an tsláinte agus folláine a sholáthar. Cuireadh cainteanna agus ceardlanna ar fáil i mbrainsí leabharlainne agus dhírigh siad ar an tsláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte agus a bhunaigh leabharlanna mar fhoinse luachmhar faisnéise sláinte sa phobal.

**'Work Matters at the Library'** – díríodh ar fhiontraithe nua, daoine a d'éirigh dífhostaithe le déanaí agus daoine tearcfhostaithe. Sholáthair brainsí leabharlainne bonneagar, saineolas acmhainne faisnéise agus clárú imeachtaí.

Sholáthair an **Feachtas faoin gCeart chun Cumais Léitheoireachta** creat atá comhordaithe go náisiúnta le haghaidh tacaíocht agus forbairt litearthachta trí na hÚdaráis Áitiúla go léir.

# PLEANÁIL

## Bainistiú Forbartha

**882**
Líon na n-iarratas Pleanála a fuarthas

**671**
Líon na n-iarratas Pleanála a deonaíodh

**49**
Líon na n-iarratas Pleanála a diúltaíodh

**20/26**
Líon na gcásanna inar dheimhnigh An Bord Pleanála an cinneadh

**6/26**
Líon na gcásanna inar fhreaschuir An Bord Pleanála an cinneadh

**569**
Cinntí déanta laistigh de 8 seachtaine

**515**
Líon na n-iarratas réamhphleanála ar déileáileadh leo

## Forfheidhmiú Pleanála

**143**
Líon na gcásanna ar thagair an tÚdarás Pleanála dóibh nó ar thionscain siad

**98**
Líon na gcásanna ar imscrúdaíodh agus ar dúnadh iad

**29**
Nósanna imeachta forfheidhmithe a ndearnadh le litreacha rabhaidh

**8**
Nósanna imeachta forfheidhmithe a ndearnadh le fógraí forfheidhmithe

**PLEANÁIL**

# ÁR BPLEANANNA FORBARTHA - ATHRUITHE AR NA PLEANANNA

| | |
|---|---|
| **Athruithe Uimh. 3a:** | **Tobhach Láithreán Folamh agus 3b Cuid V Soláthar Tithíochta Sóisialta.** Glacadh leis an dá athrú ar na Pleananna Forbartha sa chéad ráithe de 2017. |
| **Clár na Láithreán Tréigthe** | Tá dualgas reachtúil ar an Údarás Pleanála, faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015, Clár Láithreán Folamh a bhunú agus a choimeád. Tugadh faoi obair ar láithreáin fholmha a mheasúnú ar fud an chontae lena gcur san áireamh sa Chlár. Tionóladh ceardlann le comhaltaí tofa i mBealtaine. Aithníodh líon iomlán de 21 láithreán folamh agus cuireadh ar an gClár iad. |
| **Dréacht-Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF)** | Foilsíodh an Creat Pleanála Náisiúnta - "Éire 2040 – Ár bPlean" mar dhréachtphlean i mí Mheán Fómhair. Leagtar amach sa doiciméad an tslí a bhfreagróidh Éire ar phríomhdhúshláin phleanála sa tréimhse go dtí 2040 le béim faoi leith ar acmhainneacht a chur ar fáil d'ardú daonra, ar chruthú post, ar thithíocht, ar dhúshláin maidir le hathrú aeráide agus ar an ngluaiseacht chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá an doiciméad ar fáil ar líne ag http://npf.ie/draft-of- ireland-2040/. Bhí an Rannóg Pleanála gafa le haighneacht indibhidiúil a dhéanamh ar an dréacht-NPF agus tá comh-aighneacht déanta i gcomhar le Comhairlí Contae Chill Chainnigh, Cheatharlach, Thiobraid Árann agus Loch Garman. Féachadh, sa dá aighneacht, le ról agus feidhm Réigiún Chathair Phort Láirge Thoir Theas a neartú. |
| **Athbhreithniú ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta (RPS) agus Athrú Uimh. 4 ar an bPlean/ar na Pleananna Forbartha maidir le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.** | Tugadh obair chun críche in 2017 ar an athbhreithniú ar an RPS don Cheantar Bardasach. Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithnithe oifigiúil i nDeireadh Fómhair 2017 le hathbhreithniú ar RPS mar a bhaineann le Cathair Phort Láirge agus leis an bPlean Forbartha do Chathair Phort Láirge a bhaineann leis. Chuathas i dteagmháil ina n-aonar le húinéirí/áititheoirí ábhartha atá beartaithe a chur leis nó a bhaint de, chomh maith le húinéirí/áititheoirí déanmhais atá ar an RPS cheana féin sa chás go bhfuil mionsonraí le leasú. Tharla an dá phróiseas ag an am céanna agus bhí tréimhsí taispeántas poiblí agus iarratas ar aighneachtaí nó ar thuairimí i gceist leo. Ba chóir go mbeadh an dá phróiseas críochnaithe faoi luath 2018.. |

**PLEANÁIL**

# CAOMHNÚ AGUS OIDHREACHT

**Caomhnú**

Bhí tionchar dearfach ag an mborradh sa mhargadh maoine ar fhoirgnimh stairiúla sa Chontae. Ceannaíodh roinnt maoine móra i gceantair uirbeacha agus tuaithe a bhí folamh le blianta agus tá athchóiriú á dhéanamh orthu. Bhain tionscadail chónaithe/thráchtála agus phobail leas as cúnamh deontais a bhí ar fáil ón gComhairle Oidhreachta, ón Roinn Tithíochta agus ón Scéim Tacaíochta Post san Oidhreacht Thógtha. Bhain an Cumann Seoirseach leas as tionscadail chónaithe/thráchtála agus as tionscadail phobail. Áiríodh ar thionscadail eile deisiúchán ar roinnt díonta tuí ar fud an chontae agus deisiúcháin fuinneog agus díonta ar theaghais phríobháideacha. Baineann úinéirí na bhfoirgneamh sin leas as na hoibreacha agus cuirtear leis an uasghrádú sráide freisin.

Tháinig deireadh leis an scéim bliantúil Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus an Ciste le haghaidh Struchtúr i mBaol (SRF) a riar an Chomhairle ag deireadh mhí na Samhna. Bhí breis is €260,000 leithdháilte ar na scéimeanna. Tugadh maoiniú leis an dá scéim do thionscadail chónaithe, thráchtála agus phobail, ag cúnamh le deisiúcháin struchtúracha a dhéanamh, agus deisiúcháin ar fhuinneoga, ar dhíonta, ar dhoirse, etc. An trí phríomhthionscadal a maoiníodh faoin SRF in 2017 ná Pálás an Easpaig, Cathair Phort Láirge, Ardeaglais Naomh Carthage, An Lios Mór agus Teach Cheapach Choinn. Tugadh maoiniú do 26 thionscadal ar fud an Chontae leis an BHIS.

**Oidhreacht**
Athbhreithniú ar Phríomhthionscadal in 2017:

**Plean Oidhreachta Phort Láirge** 2017-2022 – glactha ag an gComhairle i Ráithe 1.

**An tSeachtain Oidhreachta** – 20 go 27 Lúnasa 2017, inar reáchtáladh raon leathan imeachtaí ar fud an Chontae ar tugadh tacaíocht mhór dóibh..

Thug **An Chomhairle Oidhreachta maoiniú do thionscadail** faoi Phlean Oidhreachta 2017, lenar áiríodh Suirbhé Éiceolaíochta ar Abhainn St. John's, Plean Bainistithe Gnáthóg do Bhogach Chill Mhic Liag, tacaíocht do thionscadail Seandálaíochta Pobail ag An Dún, An Lios Mór agus ag an Leacht Mór, Dún Garbhán, imeachtaí Dheich mBliana na gCuimhneachán do 2017 & 2018 agus clár don tSeachtain Oidhreachta.

I Márta 2017, **seoladh Rian Glas na nDéise.** Tionóladh imeacht oidhreachta lenar áiríodh taispeántas grianghraf ar oidhreacht iarnróid a cuireadh ar taispeáint i leabharlann Choill Mhic Thomáisín, siúlóidí fiadhúlra le Paddy Dwan, siúlóid faoi threoir chuig Láithreán Lochlannach Bhaile na Coille leis an seandálaí James Eogan agus "Stop, Look and Listen - Traditional songs of the Greenway" le Michael Fortune.


---

**Pleanáil agus Teicneolaíocht Faisnéise**

**ríomhPhleanáil**

Tá an Rannóg Pleanála ag bainistiú tionscadal faoi láthair chun réiteach ríomhphleanála a sholáthar a bheidh comhtháite le tabhairt isteach na gcóras leictreonacha atá á bhforbairt faoi láthair ag An Bord Pleanála. Is beartas Rialtais é réiteach ríomhphleanála a sholáthar agus tá tagairt dó sin i ndoiciméid bheartais le déanaí, amhail Atógáil Éireann agus an Straitéis Leathanbhanda.

Tabharfar seirbhís níos fearr don phobal leis an gcóras ríomhphleanála (mar shampla, iarratais phleanála bheith le feiceáil níos luaithe, aighneachtaí pleanála ar líne) agus tabharfar deis do ghníomhairí a n-iarratas a 'thógáil' roimh é a thaisceadh, laghdófar priontáil, cóipeáil agus scanáil doiciméad agus éascófar idirghníomhú leictreonach idir Údaráis Áitiúla agus An Bord Pleanála agus Comhlachtaí Forordaithe. Tá an córas le cur i bhfeidhm in 2018. Déanfar cumarsáid le gach príomhpháirtí leasmhar de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

# BUNSRAITH LÁIDIR

# BAINISTIÚ MAOIN SEALBHAIS

Déanann an Roinn um Bainistiú Maoin Sealbhais bainistiú ar thalamh agus ar mhaoin (seachas tithe údaráis áitiúil) ar le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad. Oibríonn an roinn le stiúrthóireachtaí éagsúla sa Chomhairle chun an úsáid is fearr a bhaint as Bunachar Talún na Comhairle agus faigheann na cearta talún agus maoine riachtanacha do thionscadail bhonneagair éagsúla na Comhairle.

**I measc na dtionscadal a bhí idir láimhe ag an Rannóg Bainistiú Maoin Sealbhais i 2017, bhí:**

Maoin a éadáil, a dhiúscairt agus a bhainistiú maidir le Ceathrú Chultúrtha agus Oidhreachta Phort Láirge. Tugadh éadáil phunann maoine ó Iontaobhaithe Ospidéal an Spioraid Naoimh sa Triantán Lochlannach chun críche i nDeireadh Fómhair 2012. Tugann an Roinn um Bainistíocht Mhaoin Sealbhais tacaíocht i gcónaí d'obair chomhlachta nua-bhunaithe, 'Viking Triangle Trust' i ndáil lena bhainistiú.

**IOMPAR/BONNEAGAR agus FORBAIRT EACNAMÚIL**

- D'fhoilsigh Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do na Céanna ó Thuaidh i Meitheamh 2017
- Éadáil leanúnach maoine sealbhais don Scéim um Athbheochan Uirbeach agus chun ionad siopadóireachta Shráid Mhichíl a éascú.
- Cuireadh tús leis an bpróiseas chun seilbh a fháil ar shuíomh Ionad Siopadóireachta Shráid Mhichíl ó NAMA
- Seilbh a fháil ar shuíomh ar Lána Pháirc May lena fhorbairt amach anseo
- Leanadh leis an bpróiseas CPO le haghaidh Scéim Faoiseamh Tuile Bhóthar Dhún Garbhán.
- Ceartúcháin teorann éagsúla agus diúscairtí beaga tugtha chun críche ar fud na Cathrach agus an Chontae.

**POBAL/DEONACH/EALAÍONA**

- Áitreabh tréigthe sa Bhaile Nua a fháil agus a ligean ar léas d'Fhorbairt Phobail an Bhaile Nua, C.T.R.
- Cuireadh tús le próiseas chun Dánlann na Liathbhráithre a athlonnú ar Shráid Uí Chonaill.

**MAPÁIL/BAINISTÍOCHT FAISNÉISE & DIGITIÚ UCM (AN tÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN MAOINE)**

Obair leanúnach leis an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún am dá raibh) chun feabhas a chur ar eolas frithpháirteach ar thaifid bhanc talún Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar an gcéad Údarás a d'iarr sonraí faoi úinéireacht dhigiteach ón UCM. Déanann an Rannóg um Bainistíocht Maoin Sealbhais iniúchadh i gcomhar le Comhordaitheoir GIS go leanúnach ar éifeacht chónascadh na Cathrach agus an Chontae ar thaifid an bhainc talún/mhaoin sealbhais atá á gcoinneáil ag an dá údarás, conas faisnéis a chur i láthair go digiteach agus conas córas bainistíochta oiriúnach a dhéanamh le haghaidh sin.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN PHORT LÁIRGE

Déanann Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge freagairt ar go leor cásanna éigeandála éagsúla agus déanann monatóireacht agus tugann comhairle maidir le sábháilteacht ó dhóiteán sa timpeallacht foirgníochta.

Tá 134 duine fostaithe sa tSeirbhís ar a n-áirítear Oifigigh, comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha, tacaíocht riaracháin agus meicneoir briogáide. Tá deich gcinn de stáisiúin ag an tseirbhís faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Dhóiteáin.

**10**
**Líon na Stáisiún Dóiteán**

**134**
**Líon na ndaoine fostaithe sa tSeirbhís**

**Ghlaoch Dóiteáin - 781**

**Seirbhísí Speisialta - 368**

**Aláram Bréagach - 186**




## ACHAR AMA GO DTÍ TEACHT I LÁTHAIR



**5N 25SOIC** Comhraiceoirí ar Áirithíocht

**1N 24SOIC** Comhraiceoirí Lánaimseartha

## PLEANÁIL ÉIGEANDÁLA

Tá athbhreithniú déanta ar na Seomraí Comhordaithe Móréigeandála agus tá leasuithe á gcur i gcrích.

Tá tús curtha leis an obair ar Phlean Aslonnaithe ag teacht le treoirlínte náisiúnta.

Baineadh úsáid as struchtúir Bainistithe Móréigeandála le linn na hócáide dianaimsire, Stoirm Ophelia.

## TINE A CHOSC

Fuarthas 84 iarratas ar dheimhniúchán sábháilteachta agus cuireadh an próiseas reachtúil ina leith uile i gcrích laistigh d'ocht seachtaine.

**84**

## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Feidhmíonn an Rannóg um Rialú Foirgníochta taobh istigh de Sheirbhísí Éigeandála agus tá sí lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Dún Garbhán. Tá sé de chúram uirthi feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 2007-2015 a fheidhmiú.

**200** — **Cigireacht ar fhoirgnimh**

**303** — **Fhógra Tosaithe Bailí**

**142** — **Dheimhniú Críochnaithe**

**67** — **nDeimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas**

# COSAINT SHIBHIALTA

Is eagraíocht freagartha éigeandála deonach-bhunaithe í Cosaint Shibhialta. Is fórsa taca é Cosaint Shibhialta do sheirbhísí éigeandála na líne tosaigh, m.sh. déileáiltear le himthosca dian-aimsire nó le cuardach ar dhaoine ar iarraidh agus bíonn gníomhaíochtaí tacaíochta pobail eile le déanaimh aici, m.sh. clúdach garchabhrach a sholáthar ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. Feidhmíonn Cosaint Shibhialta ag leibhéal náisiúnta faoi choimirce na Roinne Cosanta agus soláthraítear seirbhís tríd an údarás áitiúil.




**17**
CLEACHTAÍ DÉANTA IN 2017

**263**
GNÍOMH DÉANTA IN 2017

### SAMPLAÍ DE CHLEACHTAÍ

- Cleachtadh na Seirbhísí uile
- Cleachtadh Náisiúnta Réigiúnach, Loch Garman
- Cleachtadh Náisiúnta Réigiúnach, Cill Dara
- Cleachtadh Náisiúnta Cuardaigh, Baile Átha Cliath
- Cleachtadh Náisiúnta Gharda Cósta, Dún Mór
- Cleachtadh Réigiúnach Bádóireachta
- Cleachtadh na hAbha Móire
- Cleachtadh Cuardaigh Idirghníomhaireachta
- Cleachtadh ar Rian Glas na nDéise
- Cleachtadh um Chumarsáid Raidió
- Cleachtadh um Fhliú Éanúil

### Áiríodh ar dhualgais

- Ceiliúradh ar Thrídhathach 1848 -3 lá
- Turais Rothaíochta Sean Kelly - 2 lá
- Féile an Fhómhair - 3 lá
- Winterval - 20 lá
- Duine ar iarraidh a lorg - 3 lá
- Féile Cheoil Daytripper - 3 lá

# BÓITHRE

**Obair Chothabhála agus Feabhsúcháin ar Phríomhbhóithre agus ar Bhóithre den Dara Grád Náisiúnta**

Rinneadh iniúchadh ar an líonra iomlán de Phríomhbhóithre agus de Bhóithre den Dara Grád Náisiúnta i bPort Láirge in 2017, ag féachaint i gcomhair lochtanna.




**de Chiliméadair de Phríomhbhóithre Neartaithe**

---

**Obair Chothabhála agus Feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla**




**Ciliméadair de Bhóithre Réigiúnacha Neartaithe**




**Ciliméadair de Dhromchla Bóithre Réigiúnacha Cóirithe**




**% de Bhóithre Neamh-Náisiúnta a nDearnadh Suirbhé Orthu**




**Líon na nDroichead a Deisíodh/Athchóiríodh** (Bóithre Réigiúnacha)




**Ciliméadair de Bhóithre Áitiúla Neartaithe**




**Ciliméadair de Dhromchla Bhóithre Áitiúla Cóirithe**




**Ciliméadair Oibreacha Draenála ar Bhóithre Áitiúla & Réigiúnacha**




**Líon na nDroichead Deisithe/Athchóirithe** (Bóithre Áitiúla)

# BÓITHRE

**Scéimeanna um Fheabhsú Sábháilteachta ar Chostas Íseal**

Tugann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú don scéim seo inar féidir le húdaráis áitiúla oibreacha a dhéanamh atá ceaptha sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, le go laghdófar rátaí imbhuailte nó sa chás gur aithníodh guaiseacha. In 2017, thug an Chomhairle 11 scéim sábháilteachta ar chostas íseal chun críche ar fud an chontae ar chostas €291,000.

**Scéimeanna um Fheabhsúchán Áitiúil**

I ndiaidh roinnt blianta, thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú le haghaidh scéimeanna um fheabhsúchán áitiúil isteach arís in 2017. Leis an scéim seo, tugtar cúnamh deontais le haghaidh feabhsúchán ar bhóithre tuaithe neamh-phoiblí. Deonaíodh leithdháileadh iomlán €660,825 lenar éascaíodh 17 scéim.

**Bóthar Ceangail Thulach an Iarainn**

An Comhairleoir Pádraig Ó Innseadúin, Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, a d'oscail Bóthar Ceangail Thulach an Iarainn go hoifigiúil ar an 13 Nollaig 2017.An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin Scéim um Mhaoiniú Feabhsúcháin Straitéisigh a mhaoinigh an tionscadal seo agus caitheadh faoi bhun €1.9m ar an tionscadal iomlán.

**CLÁR**

Mar chuid de chlár foriomlán an Rialtais maidir le Forbairt Tuaithe, leithdháileadh maoiniú €313,365 ar an gComhairle faoin scéim CLÁR le haghaidh tionscadail bhonneagar ar scála beag i gceantair tuaithe ainmnithe inar tháinig an meath is mó ar an daonra. Chuir an Chomhairle saoráidí sábháilteachta do scoileanna agus do phobail, lena n-áirítear soilse gealánacha scoile, uasghrádú ar mharcáil líne agus comharthaíocht rabhaidh ar fáil i gceantair atá ainmnithe mar cheantair CLÁR.

**Droichead Chlaise Móire, ar a dtugtar freisin "Droichead Russell"**

An Comhairleoir Damien Geoghegan a d'oscail Droichead Chlaise Móire Thuaidh, ar a dtugtar freisin Droichead Russell, go hoifigiúil ar an 13 Márta 2017. Thóg sé 4 mhí ó thús deiridh chun an tógáil a dhéanamh agus €474,000 a bhí mar chostas. An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a mhaoinigh é.

**Plean Cothabhála Gheimhridh**


Mar chuid de Phlean Cothabhála Geimhrigh na Comhairle, tá mar aidhm ag an gComhairle freagra éifeachtach agus éifeachtúil a thabhairt ar íoslaghdú a dhéanamh ar an drochthionchar a bhíonn ag sioc dian nó sneachta trom orthu siúd a bhíonn ag taisteal ar an líonra bóithre. Níl sé indéanta cóireáil a chur ar gach bóthar poiblí leis na hacmhainní atá ar fáil agus mar sin tugtar rátáil tosaíochtaí do na bealaí, idir 1 agus 3, bunaithe ar rangú bóthair, an líon tráchta agus tábhacht an bhealaigh. Scaiptear salainn ar bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 ar fholáirimh dian-aimsire a fháil. Cuirtear greanchloch ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae le húsáid ag an bpobal le linn tréimhsí de shioc dian. Soláthraítear faisnéis cothrom le dáta maidir le coinníollacha bóithre sa Chontae le linn fíor-dhrochaimsir nó tréimhsí fada d'aimsir fhuar, a bhuíochas do láithreán gréasáin na Comhairle, agus fógraí raidió, foláirimh mhapa agus postáil ar na meáin shóisialta.

**Iosta Nua ag Baile na Lobhar, Dún Mór**

An Comhairleoir Sean Reinhart, Méara ar an Dúiche Chathrach, a d'oscail an tsaoráid go hoifigiúil an 17 Samhain, 2017. Tháinig an tsaoráid seo in áit na gcoimeádán agus na n-aonad soghluaiste sealadach a bhí in úsáid mar shaoráidí ceaintín agus mar oifigí ar an láithreán.

# TEAGMHAIS DIAN-AIMSIRE

Ar leibhéal náisiúnta, is é an tAire ar a bhfuil freagracht as an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála a ghaireann an Grúpa Comhordaithe Éigeandála Náisiúnta le haghaidh Dian-aimsire sula dtugtar réamhaisnéis dian-aimsire ag Met Éireann. Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge i gcomhpháirtíocht leis an gcoiste náisiúnta agus gaireann Foireann Bhainistithe Géarchéime um Dhian-aimsir ar leibhéil náisiúnta. Ghair Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an Fhoireann Bhainistithe Géarchéime um Dhian-aimsir i nDeireadh Fómhair 2017 roimh Stoirm Ophelia agus chinn an méid ullmhachta laistigh den Údarás Áitiúil. Chuaigh sí i dteagmháil le FSS, Seirbhísí Chéad Fhreagartha agus An Garda Síochána ar leibhéal áitiúil. D'oibrigh an Chomhairle go dlúth le go leor gníomhaireachtaí, agus bhraith sí ar thacaíocht uathu agus ar dhlúth-chomhoibriú leo, ina measc Líonraí BSL, Uisce Éireann agus eagraíochtaí Pobail Áitiúil.





SIÚLÁN THRÁ MHÓR
Íomhá le caoinchead NOEL BROWNE
**#StormOphelia**

# COMHSHAOL

## Bainistiú Bruscair

4
Maoir bhruscair fostaithe

154
Fíneálacha ar an láthair eisithe

762
Cás Bruscair CRM

13/40
Rátáil IBAL Phort Láirge

80
Grúpa páirteach sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh

20
Ceantar uirbeach i gComórtas na mBailte Slachtmhara

Bailte Slachtmhara ÓR
An Lios Mór & Dún Garbhán

Bailte Slachtmhara AIRGEAD
Baile Mhac Cairbre, An tSráidbhaile, Aird Mhór agus Port Láirge

Bailte Slachtmhara CRÉ-UMHA
Trá Mhór

## Bainistiú Dramhaíola

120 TONNA
Teicstílí

2,363 TONNA

Gloine
2,243 TONNA

198
Rabhadh tugtha

36
Fógra faighte faoi Rún maidir le Dó

64
Ionaid Fág Anseo

2
Ionad Fóntas Poiblí

# COMHSHAOL

## Dramhaíl a Chosc:

Rinneadh 2 shraith de cheardlanna Stop a Chur le Dramhaíl Bia in 2017 le múineadh do rannpháirtithe conas dramhaíl bia a chosc, chomh maith le clár um Máistir-Mhúiríneoir le múineadh do ghrúpaí faoi mhúiríniú agus faoin tslí le córais mhúirínithe rathúla a thógáil agus a rith. Tugadh faoi na feachtais seo: Stop a Chur le Dramhphost, An Mhí Athúsáide, scéim deontais le haghaidh dramhaíl áitiúil a chosc, imeachtaí uaschúrsála troscáin, imeachtaí uaschúrsála teicstílí, feachtais athchúrsála, srl. Rinne Catherine Fulvio taispeántas ar chócaireacht agus dramhaíl bia a chosc le linn na Míosa Athúsáide.

## Oibríocht Líonadh Talún

**Coigilteas €7,500** ó fhuinneamh arna ghiniúint ag Tuirbíní Gaoithe ag láithreáin líonadh talún i nDún Garbhán & sa Trá Mhór.

## Seachtain na gCrann 2017

Bhronn Coillte **400 crann óg dúchasach** agus tugadh do ghrúpaí i bPort Láirge iad. Ach daoine aonair, grúpaí teaghlaigh, scoileanna agus pobail áitiúla a spreagadh imeachtaí Sheachtain na gCrann a eagrú, nó bheith páirteach iontu, táimid ag gríosadh agus ag cumasú daoine a gcuid a dhéanamh maidir le difear a dhéanamh dár n-iarrachtaí saol níos inmharthanaí a chaitheamh, as a dtagann go leor buntáistí.

## Feasacht faoi Ghuma mar Bhruscar 2017

Ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge páirt san **Fheachtas Feasachta faoi Ghuma mar Bhruscar** in 2017. Tá mar aidhm leis an bhfeachtas oideachais seo cur leis an bhfeasacht ar an tionchar a bhíonn ag bruscar guma agus diúscairt cheart guma a spreagadh.

## Oideachas & Feasacht faoin gComhshaol

**101**

Scoil páirteach i gClár na Scoileanna Glasa

## Cáilíocht Aeir, Torann

**220**

Cigireachtaí Aeir/ Torainn

**10**

Fógraí eisithe

## Rialú Madraí

**541**

Tuairiscí Rialú Madraí CRM

**318**

Curtha sa phóna madraí

**311**

Tógtha ar ais, baile nua faighte nó aistrithe chuig Grúpaí Leasa Madraí

**9**

Eotanáisithe

**9** sa phóna ar an 31.12.2017

## SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

**1**

Chigire lánaimseartha fostaithe

**3**

Chigire páirt-aimseartha fostaithe

Rinneadh iniúchtaí tráthrialta faoin gcóras um fhaireachais sábháilteachta bia, cigireacht feola réamh-bháis agus iarbháis, iniúchtaí ar mharú agus leas ainmhithe, lipéadú inrianaitheachta, iniúchtaí oiliúint foirne agus sláinteachais phearsanta i rith na bliana 2017 i gcomhréir leis an gconradh seirbhíse a ceanglaíodh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Maidir le gnólachtaí bia faoi mhaoirseacht i rith na bliana 2017 bhí 9 n-áitreabh ceadaithe (4 áitreabh seamlais cheadaithe agus 5 áitreabh próiseála feola) agus 6 ghnólacht/fheithicil fheola. Rinneadh cigireacht ar 128 áitreabh/fheithicil i rith na bliana 2017 agus glacadh 106 shampla (do pharaméadair micribhitheolaíochta, iarmhairtí leighis tréidliachta, breiseáin bhia, eitinn bhólachta agus an scráibeach) in 2017.

# SEIRBHÍSÍ TF

## GINEARÁLTA

In 2017, lean Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar aghaidh ag úsáid Teicneolaíocht na Faisnéise chun ár seirbhís don phobal a fheabhsú agus chun tacú le próisis ghnó inmheánacha na comhairle d'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán a fheabhsú. Tugadh obair chun críche ar chomhdhlúthú agus ar chuíchóiriú chórais agus bonneagar TF iar-chumaisc chun leanúint leis an athrú mór ar sholáthar seirbhísí.

## CÓRAS CRM

Tá feabhas curtha againn ar fheidhmiúlacht reatha agus tá modúil nua curtha lenár gcóras **Bainistithe Caidreamh le Custaiméirí (CRM)**, a úsáidtear i gcónaí chun bainistiú a dhéanamh ar fhiosrúcháin ó chustaiméirí seachtracha ag ár nIonaid Seirbhís Custaiméara, agus ar phróisis ghnó idirnáisiúnta. Cuireadh 6,000 cás custaiméara tríd an gcóras in 2017.

Tá an córas comhdhlúite freisin leis an láithreán gréasáin náisiúnta **'FixYourStreet'** agus le haip na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, "See it?, Say it".

## GRÉASÁN & NA MEÁIN SHÓISIALTA



Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag forbairt a láithreacht i gcónaí ar raon cainéal meán sóisialta. Tá an líon lucht féachana ar Facebook agus ar Twitter ag fás i gcónaí. Tá roinnt rannóg ag úsáid na cainéil físe amhail Instagram agus YouTube chun íomhá dearfach de Phort Láirge a chur i láthair.

Tá ár bpríomhláithreán gréasáin, **www.waterfordcouncil.ie**, ag déanamh go maith i gcónaí i ndáil le staitisticí. Cuirtear an bhéim ar fhaisnéis ábhartha chothrom le dáta agus ar nuacht a bhfuil rochtain éasca air.

## SONRAÍ OSCAILTE

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tiomanta an **Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022** a chur i bhfeidhm ach Oifigeach Sonraí Oscailte a cheapadh.

Is éard is aidhm leis an Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022 éiceachóras a chur ar bun le gur féidir leas a bhaint as poitéinseal na Sonraí Oscailte agus le réimsí sainiúla a fhorbairt d'Éirinn chun croí-inniúlachtaí a fhorbairt agus le bheith ina ceannaire maidir le Sonraí Oscailte.

Léiríonn staidéir go bhfuil poitéinseal ag sonraí neamhphearsanta oifigiúil a fhoilsiú i bhformáid oscailte chun cinnteoireacht níos éifeachtaí agus soláthar seirbhísí éifeachtúil a bhrú chun cinn, chun fás eacnamúil a spreagadh, agus chun saoránaigh a chumhachtú chun ról gníomhach a ghlacadh maidir lena bpobal féin a fheabhsú.

Dhá chroí-chuspóir leis an straitéis ná sonraí rialtais ardluacha a fhoilsiú i bhformáid oscailte, iad a chur ar fáil don phobal agus iad a dhéanamh ath-inúsáidte go héasca; agus bheith rannpháirteach le pobal leathan páirtithe leasmhara chun úsáid na sonraí chun leasa gach cuid den gheilleagar a chur chun cinn.

# SEIRBHÍSÍ TF

## MAPALERTER

Cruthaíodh luach **MapAlerter** i rith Stoirm Ophelia agus Stoirm Brian ach an pobal a choimeád ar an eolas le fógraí faoi fholáirimh aimsire, dúnadh bóithre agus stopadh uisce, a bhain go sonrach le suíomhanna a eisiúint SAOR IN AISCE. Eisíodh líon iomlán de 186 foláireamh, agus iad comhdhéanta den chuid is mó de Foláirimh Bhóithre (154) agus Foláirimh Seirbhísí Uisce (21).

**Chun clárú, tabhair cuairt ar www.mapalerter.com**

## FEABHSÚ LEANÚNACH

Cuireadh tús le tionscadal nua um feabhsú leanúnach i lár 2017 ar aidhm leis sreabhadh oibre a shruthlíniú agus dea-chleachtas a chur chun cinn sa Chomhairle. Is cur chuige cuimsitheach agus córasach é an creat um fheabhsú leanúnach maidir le soláthar seirbhísí a íoslaghdaíonn dramhaíl agus neamhréireachtaí fad a n-ardaítear an luach dár gcustaiméirí. Ach uirlisí agus teicnící éifeachtacha a úsáid, tá deis againn na sruthanna luacha a mhapáil, dramhaíl a aithint agus a chosc, luach don chustaiméir a tháirgeadh agus athrú eagraíochtúil a bhrú ar aghaidh. Tá obair fheabhsúcháin ar bun anois maidir le Tithíocht a aithneoidh deiseanna do réitigh TFC chun tacú leis na próisis ghnó, chun éifeachtúlacht a uasmhéadú agus chun cumas táirgthe na rannóige a fheabhsú.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

# ÁR gCUID AIRGEADAIS

# **ACHOIMRE AIRGEADAIS 2017** - FAOI RÉIR INIÚCHTA

| Achoimre ar Chuntas Ioncaim | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €M | €M |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir | -7.6 | -8.0 |
| **Caiteachas don Bhliain** | 116.1 | 122.9 |
| Aistrithe chuig Cúlchistí | 3.6 | 5.3 |
| | **119.7** | **128.2** |
| **Ioncam don Bhliain** | | |
| Deontais Stáit | 55.0 | 59.1 |
| Earraí agus Seirbhísí | 36.6 | 36.6 |
| Rátaí Tráchtála | 28.6 | 32.9 |
| | **120.2** | **128.6** |
| Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain | 0.5 | 0.4 |

| Achoimre ar Chlár Comhardaithe | | |
|---|---|---|
| Sócmhainní seasta | 2,162 | 2,163.7 |
| Obair idir lámha | 30.3 | 19.6 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 68.6 | 71.7 |
| Sócmhainní Reatha | 32.40 | 34.1 |
| Dliteanais Reatha | -42.8 | -41.8 |
| Fo-iomlán | 2,250.5 | 2,247.3 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | -125.1 | -128 |
| | **2,125.4** | **2,119.3** |
| **Ab ionann agus:** | | |
| Cuntas Caipitlithe | 2,162 | 2,163.7 |
| Obair idir lámha | 26.4 | 12.3 |
| Cúlchiste Ioncaim Sonrach | 0.0 | 0.5 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | -7.1 | -7.6 |
| Iarmhéideanna Eile | -55.9 | -49.6 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **2,125.4** | **2,119.3** |

## COSTAIS & TINREAMH NA COMHAIRLE

# CLÁR ÍOCAÍOCHTAÍ LE COMHAIRLEOIRÍ EANÁIR GO NOLLAIG 2017


| Comhairleoir | Oiliúint | Comhdhálacha |
|---|---|---|
| | € | € |
| Liam Ó Breasaíl | 0.00 | 0.00 |
| Breda Brennan | 0.00 | 0.00 |
| John Carey | 4,476.62 | 583.75 |
| Declan Clune | 0.00 | 0.00 |
| Joe Conway | 4,223.67 | 699.21 |
| Tom Cronin | 5,042.69 | 699.69 |
| John Cummins | 0.00 | 0.00 |
| Davy Daniels | 646.40 | 523.33 |
| Declan Doocey | 505.46 | 700.00 |
| Pat Fitzgerald | 0.00 | 0.00 |
| Damien Geoghegan | 4,756.87 | 699.88 |
| Jim Griffin | 0.00 | 0.00 |
| Blaise Hannigan | 0.00 | 0.00 |
| John Hearne | 0.00 | 0.00 |
| Joe Kelly | 0.00 | 0.00 |
| Eddie Mulligan | 2,931.00 | 676.07 |
| Jason Murphy | 4,851.73 | 654.30 |
| Ray Murphy | 0.00 | 513.48 |
| Pádraig Ó Innseadúin | 125.00 | 145.00 |
| Séamus Ó Domhnaill | 0.00 | 0.00 |
| John O'Leary | 4,666.77 | 699.61 |
| Cha O Neill | 3,799.82 | 559.11 |
| Michael J O'Ryan | 1,304.38 | 0.00 |
| Lola O Sullivan | 0.00 | 0.00 |
| Seanie Power | 1,511.36 | 0.00 |
| John Pratt | 5,535.18 | 699.96 |
| Eamon Quinlan | 2,634.77 | 604.92 |
| Seán Reinhardt | 2,830.41 | 578.66 |
| Mary Roche | 376.51 | 560.29 |
| James Tobin | 3,505.91 | 699.72 |
| Siobhan Whelan | 0.00 | 0.00 |
| Adam Gary Wyse | 0.00 | 0.00 |

- Athraíonn Méaraí/Cathaoirleach i Meitheamh gach bliain i ndiaidh Cruinnithe Cinn Bhliana na gComhairlí Iomlánach agus Ceantair.
- €6000 in aghaidh na bliana atá sa liúntas Cathaoirligh CPS; féadfaidh Cathaoirligh athrú i Meitheamh gach bliain.

# FREASTAL AR CHRUINNITHE COMHAIRLE

| COMHAIRLEOIRÍ | LÍON IOMLÁN CRUINNITHE FREASTALAITHE 2017 | LÍON IOMLÁN CRUINNITHE A TIONÓLADH 2017 |
|---|---|---|
| Liam Brazil | 37 | 44 |
| Breda Brennan | 35 | 41 |
| John Carey | 34 | 41 |
| Declan Clune | 41 | 49 |
| Joe Conway | 41 | 48 |
| Tom Cronin | 43 | 49 |
| John Cummins | 30 | 37 |
| Davy Daniels | 35 | 37 |
| Declan Doocey | 35 | 43 |
| Pat Fitzgerald | 40 | 45 |
| Damien Geoghegan | 31 | 38 |
| Jim Griffin | 35 | 38 |
| Blaise Hannigan | 39 | 41 |
| John Hearne | 37 | 39 |
| Joe Kelly | 31 | 38 |
| Eddie Mulligan | 41 | 41 |
| Jason Murphy | 43 | 45 |
| Ray Murphy | 33 | 37 |
| Pádraig Ó Innseadúin | 44 | 47 |
| Séamus Ó Domhnaill | 31 | 38 |
| John O'Leary | 34 | 41 |
| Cha O Neill | 39 | 45 |
| Michael J O'Ryan | 33 | 37 |
| Lola O Sullivan | 32 | 37 |
| Seanie Power | 41 | 48 |
| John Pratt | 37 | 42 |
| Eamon Quinlan | 36 | 41 |
| Seán Reinhardt | 38 | 41 |
| Mary Roche | 41 | 42 |
| James Tobin | 34 | 42 |
| Siobhan Whelan | 26 | 41 |
| Adam Gary Wyse | 36 | 43 |

* Áiríodh ar chruinnithe : Comhairle Iomlánach, Ceantar Bardasach & Cathrach, CPS agus CCP



Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

www.waterfordcouncil.ie | contact@waterfordcouncil.ie | 0761 10 20 20